An tSeirbhís Phromhaidh
The Probation Service

# Tuarascáil Bhliantúil
2022



# Clár Ábhair


Réamhrá & Brollach 02

2022 Ó Thaobh Uimhreacha De 05

Forléargas ar an tSeirbhís Phromhaidh 06

Ár n-Eagraíocht 07

Cé Sinn agus Cad a Dhéanaimid 08

Ár gCrainn Thaca 11

Crann Taca 1
Sábháilteacht an Phobail a Fheabhsú 13

Crann Taca 2
Comhoibriú & Rannpháirtíochta a Neartú 22

Crann Taca 3
An Cuimsiú á Chur Chun Cinn 32

Crann Taca 4
Ag Cumasú Ár bhFoireann 46

Crann Taca 5
Ag Nuachóiriú Ár gCur Chuige 53

Maoirseacht agus Rialachas Socruithe 61

Tuairisciú Maidir Lenár bhFeidhmíocht 68

Staidreamh 2022 71

Aguisín 1
Glossary of Terms 94

Aguisín 2
Ráiteas maidir le Córas Rialaithe Inmheánaigh na Seirbhíse Promhaidh 96

Aguisín 3
Cairt Eagrúcháin 99

Aguisín 4
Léarscáil Réigiúnach 100

Aguisín 5
Príomháiteanna Soláthair na Seirbhíse Promhaidh 2022 101

Aguisín 6
Eagraíochtaí Pobal-Bhunaithe 102

# Réamhrá & Brollach

## Is mór an sásamh dom é Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Promhaidh 2022 a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Helen McEntee, TD. Leagtar amach sa tuarascáil seo obair agus feidhmíocht na Seirbhíse Promhaidh i gcomórtas lenár bpríomhchuspóirí agus ár dtosaíochtaí.

Cosúil leis an dá bhliain roimhe inar chuir COVID-19 an saol go mór trína chéile, ba dhúshlánach an bhliain í 2022 ach tréimhse an-bhisiúil í don tSeirbhís mar sin féin sa mhéid is gur chuireamar tús le gnáthoibríochtaí athuair agus plean uaillmhianach oibre á chur i gcrích againn ag an am céanna.  Ba é seirbhísí éifeachtacha a sholáthar an chloch ba mhó ar ár bpaidrín fós agus sinn ag iarraidh a chinntiú nár ligeamar ár maidí le sruth chomh fada agus a bhain sé le freastal ar riachtanais ár gcliant, ár bhfreagracht do na Cúirteanna agus sinn ag obair linn go dúthrachtach chun tacú le pobail a choinneáil slán ar fud na hÉireann.

Sa bhliain 2022, tugadh chun críche an dara bliain dár Ráiteas Straitéise 2021-2023: Tá áthas ar Oibreacha Promhaidh um Shábháilteacht Pobail agus orm féin go bhfuil dul chun cinn fós á dhéanamh againn maidir leis na 106 gealltanas straitéiseacha a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe Straitéise a chur chun cinn. Tá 68% de na gníomhartha uile curtha i gcrích againn anois nó iad curtha sa riocht go gcríochnófar iad go luath, rud a chuireann an-dhea-bhail orainn agus sinn ar tí aghaidh a thabhairt ar bhliain dheireanach na straitéise.

I rith na bliana, bhí an t-éileamh ar ár seirbhísí fós ag dul i méid mar gheall ar an méadú ar ghníomhaíocht a tharla in earnáil an cheartais choiriúil tar éis na paindéime. Sa bhliain 2022, d’oibríomar le 16,347 duine sa phobal, le 2,880 duine faoi choimeád agus chríochnaíomar 11,800 tuarascáil mheasúnachta. Ba mhaith liom iarrachtaí mo chomhghleacaithe ar fud na Seirbhíse a mholadh as tabhairt faoin dúshlán seo agus a bheith chomh gairmiúil díograiseach sin i mbun a gcuid oibre.

Tugaimid aitheantas don laghdú suntasach a tháinig ar atreoruithe measúnachta seirbhíse pobail sa bhliain 2022 agus rinneamar ár míle dícheall chun aghaidh a thabhairt air seo trí Athbhreithniú ar Fhianaise ar Sheirbhís Pobail a chríochnú, tuarascáil a seoladh i mí na Nollag. Tugann an t-Athbhreithniú freagairt dhíreach ar na moltaí a rinneadh mar chuid den Athbhreithniú ar Roghanna Beartas um Athchóiriú Chóras na bPríosún agus Pionóis 2022-2024, a d’fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt níos luaithe sa bhliain, agus sainaithnítear ann deiseanna chun aird an phobail a tharraingt, comhpháirtíochtaí a neartú agus feabhas a chur ar mhúnla na seirbhíse pobail in Éirinn. Is príomhthosaíocht fós é don tSeirbhís na moltaí seo a chur i gcrích sa bhliain 2023.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2022 maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar struchtúr na Seirbhíse. Tar éis tréimhse chomhairliúcháin, chuireamar struchtúr nua i bhfeidhm don lucht bainistíochta sinsearaí ina bhfuil ceithre chrann taca de fhreagracht straitéiseach agus a dearadh é chun cabhrú linn acmhainn a fhorbairt i réimsí fíorthábhachtacha amhail ionchuimsiú sóisialta, anailísíocht sonraí agus smachtbhannaí pobail & seirbhísí pobail.

Ba mhór an sásamh a thug sé dúinn cur leis an Tuarascáil Tascfhórsa Ardleibhéil a d'fhoilsigh an tAire McEntee i mí Lúnasa agus ina gcíortar na dúshláin ó thaobh meabhairshláinte agus andúile de a mbíonn daoine thíos leo agus iad ag plé leis an earnáil cheartais choiriúil. Is cinniúnach an tuarascáil í seo agus í ag cur bonn eolais faoinár gcleachtas chomh maith le forbairt a dhéanamh ar obair a rinne an tSeirbhís roimhe seo. Ní ligimid ár maidí le sruth maidir le hobair i gcomhar le comhpháirtithe ar fud na bpríomh-earnálacha lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtúil éifeachtach moltaí na tuarascála sa bhliain 2023.



Mark Wilson
Stiúrthóir

Mar fhocal scoir, dála go leor eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, bhí sé dúshlánach go leor don tSeirbhís baill foirne chumasacha a earcú sa bhliain 2022 toisc an margadh fostaíochta a bheith buacach agus thar a bheith iomaíoch. In ainneoin seo, reáchtálamar roinnt críochnaithe i rith na bliana agus d'éirigh linn 46 iontrálaí nua a mhealladh isteach sa tSeirbhís, 32 oifigeach promhaidh nua ina measc. Leanamar orainn ag tacú le baill foirne atá ann cheana agus iad a chothú trí chlár nuálaíoch foghlamtha agus forbartha a chur i gcrích. Rinneamar dul chun cinn suntasach freisin maidir le Creat Promhaidh na hÉireann (CPÉ) a chur i gcrích agus lámhleabhar cleachtais nua forbartha a bhfuil sé de rún againn é a thabhairt ar bhonn céimneach do bhaill foirne ar fud na Seirbhíse roimh i bhfad

Go hachomair, táim muiníneach go bhfuil bail níos fearr ná riamh ar an tSeirbhís agus í ag tabhairt aghaidh ar an mbliain 2023, í meáite ar ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, ar dhul i gcion níos fearr ar fud na hearnála dlí agus cirt agus thar aon ní eile, cúrsaí a fheabhsú dár gcliaint, dá dteaghlaigh agus do phobail i gcoitinne.



Mark Wilson
Stiúrthóir

# 2022 Ó Thaobh Uimhreacha De

Pléadh le
**16,347**
duine sa Phobal

Críochnaíodh
**11,814**
tuarascáil phromhaidh

Cuireadh
**1,670**[1]
Measúnachtaí Seirbhíse Pobail i gcrích

Oibríodh le
**2,880**
duine sa phríosún

Rinne an tSeirbhís Promhaidh
**889**
ordú go ndéanfaí Maoirseacht ar Dhuine Tar Éis Bheith Faoi Choimeád[2]

Rinne an Bord Parúil
**51**
measúnacht

Chuir
**176**
ciontóir tús le Filleadh ar an bPobal

Rinneadh maoirseacht sa phobal ar
**535**
duine a ciontaíodh i gcion gnéasach

Rinneadh maoirseacht ar
**122**
príosúnach ar gearradh príosún saoil orthu sa Phobal

[1] 1,105 std. Tuarascálacha +273 Tuarascáil SD + 292 tuarascáil Achta Fíneálacha
[2] 828 PSSSO + 61 PRSO

Bainistíodh **1,288** Ordú Seirbhíse Pobail, rud arbh ionann é agus:

**174,287**

uair de sheirbhís pobail oibrithe in ionad,

**566**

a chaitheamh sa phríosún, i riocht is

**€2M**

go ndearnadh €2 milliún nach mór d'obair neamhíoctha ar mhaithe le pobail ar fud na tíre[3]

## PRÓIFÍL NA GCIONTÓIRÍ

**16%** Mná

**84%** Fir

**8%** Daoine Óga[4]

**92%** Daoine Fásta

## NA 6 CHOIR IS MÓ A RAIBH ATREORÚ CHUIG AN TSEIRBHÍS PROMHAIDH MAR THORADH ORTHU

1. Cionta a bhaineann le Drugaí
2. Ionsaí
3. Gadaíocht
4. Ord Poiblí
5. Trácht ar Bhóithre
6. Buirgléireacht

Chuimsigh siad seo 76% de gach atreorú a rinneadh

**12 Mhí**

An fad a mhair an t-Ordú Promhaidh ba mhinice a cuireadh i bhfeidhm

**71-100 uair**

An fad a mhair an t-Ordú Seirbhíse Pobail ba mhinice a cuireadh i bhfeidhm

3 (Bunaithe ar an ráta íosphá atá i bhfeidhm sa bhliain 2022 (€10.20 san uair) agus líon iomlán na nUaireanta Seirbhíse Pobail, is é an méid airgid ná €1,830,013.50)

4 Tháinig 8% díobh siúd ó 702 atreorú le haghaidh daoine óga as 8,616 atreorú sa bhlian 2022. Mar chuid de seo bhí dhaoine faoi 18 mbliana d'aois agus daoine atá á mbainistiú ag na foirne Promhaidh Daoine Óga (PDÓ). Féach leathanach [75]

# Forléargas ar an tSeirbhís Phromhaidh

## Ár bhFís:

Pobail níos sábháilte agus níos ionchuimsithí a chothú ar bhealach a thugann aghaidh go héifeachtach ar chiontóirí agus ar na cúinsí is cúis leo dul i muinín na coiriúlachta.

## Ár Misean:

Smachtbhannaí pobail a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun seirbhísí a sholáthar do na cúirteanna agus don chóras ceartais choiriúil i gcoitinne.

## Ár dTreoirphrionsabail

- Gairmiúil & Cuntasach
- Trédhearcacht & A Bheith Leathanaigeanta
- Meas & Ionracas
- Obair i gComhar & Comhpháirtíocht
- Nuálaíocht & Cruthaitheacht
- Fianaise a Bhfuil Bonn Eolais Faoi & atá Bunaithe ar Shonraí

# Ár n-Eagraíocht

**Is gníomhaireacht feidhmiúcháin í an tSeirbhís Promhaidh de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, a chaitheann a dúthracht le líon na gcionta a laghdú, pobail níos sábháilte a chothú agus ciontóirí a athshlánú le go mbeadh níos lú íospartach ann.**

Déanann an tSeirbhís Promhaidh a cion i leith seo:


- Trí fhéachaint chuige go gcuirfí i bhfeidhm maoirseacht a d'ordaigh an chúirt
- Trí fhéachaint chuige gur lú seans go n-athchiontóidh daoine agus an baol go ndéanfaí díobháil don phobal a laghdú.
- Cúiteamh a dhéanamh ar an díobháil a rinneadh de dheasca coire trí leas a bhaint as cúiteamh agus ceartas aisiríoch.

Soláthraíonn an tSeirbhís Promhaidh na seirbhísí seo a leanas:

- Measúnacht agus Maoirseacht ar Chiontóirí chomh le pianbhreitheanna a bhainistiú
- Seirbhís Pobail agus Scéimeanna um Fhilleadh ar an bPobal
- Promhaidh Daoine Óga (PDÓ)
- Tionscnaimh um Chomhpháirtithe Pobail (maoiniú d'Eagraíochtaí Pobalbhunaithe san áireamh).

Is é rud atá i gcroílár obair na Seirbhíse Promhaidh ná ciontóirí a athshlánú chun athrú dearfach marthanach a dhéanamh ar a saol. Creideann an tSeirbhís Promhaidh gur féidir le ciontóirí a n-iompar a leasú agus trí dhianmheasúnú agus mhaoirseacht éifeachtach, is féidir le baill foirne phromhaidh cabhrú le ciontóirí athruithe chun feabhais a dhéanamh le nach ndéanfaidís cionta arís. Is é cleachtas oibre sóisialta a chuireann cleachtas promhaidh i gcrích, chomh maith le bonn eolais a chur faoi agus a bheith mar thaca faoi. Tá saineolas speisialta ag baill foirne i leith idirghabháil a dhéanamh le ciontóirí agus i leith riosca a mheas agus a bhainistiú.

Tá os cionn 35 oifig phobalbhunaithe ag an tSeirbhís Promhaidh ar fud na tíre, agus ionadaithe aici i ngach contae, mar aon le baill foirne i ngach príosún. Agus í á cur ar fáil go háitiúil, is seirbhís náisiúnta í an tSeirbhís lena gcuirtear seirbhísí ar fáil do na cúirteanna, d'institiúidí coimeádta agus do phobail fud fad na tíre.  Oibríonn an tSeirbhís Promhaidh i ndlúthchomhar leis an tSeirbhís Cúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ), An Garda Síochána, Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (SECÓ), leis an mBord Parúil agus le go leor eagraíochtaí sa phobal.



# Cé Sinn agus Cad a Dhéanaimid

## Ár bhFoireann Bainistíochta

In 2022, chuir an tSeirbhís Promhaidh struchtúr nua bainistíochta feidhmiúcháin ar bun, ceann a fhéachann le tacú leis an eagraíocht dul i bhfeabhas i gcónaí agus breis acmhainneachta a fhorbairt le go mbeifear in ann na tosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach inár Ráiteas Straitéise 2021-23 a bhaint amach. I measc na réimsí a bhfuil béim ar leith orthu tá smachtbhannaí pobail & seirbhís pobail, ionchuimsiú sóisialta, bainistiú ilghníomhaireachtaí & ciontóirí ardriosca agus anailísíocht sonraí.

Cuireadh an struchtúr nua i bhfeidhm tar éis athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar na struchtúir bhainistíochta atá i bhfeidhm ag an tSeirbhís faoi láthair. Mar chuid den struchtúr nua, moladh ceithre chrann taca de fhreagracht straitéiseach a thabhairt isteach, agus leas-stiúrthóir nó príomhoifigeach comhfhreagrach ag déanamh maoirseachta ar gach ceann acu.

## Ár bhFoireann

Is eagraíocht seirbhísí-lárnach é an tSeirbhís Promhaidh agus is iad scileanna, saineolas agus díograis ár mbaill foirne an tréith is luachmhaire dá bhfuil againn. Amhail an 31 Nollaig 2022, tá 421 duine fostaithe ag an tSeirbhís Promhaidh. Earcaíodh 46 bhall foirne nua san iomlán sa bhliain 2022, iad á gcur i mbun róil nua agus reatha fad is a cuireadh earcaigh nua eile i mbun ról a fágadh folamh nuair a d'éirigh an té ina bhun roimhe as.

I measc seo bhí:

- 32 oifigeach nua promhaidh
- 40 ball foirne a d'fhág an eagraíocht as siocair dul ar scor, éirí nó bogadh go ranna rialtais eile
- 16 oifigeach promhaidh a fuair ardú céime go gráid shinsearacha oifigigh promhaidh
- Ceapadh 2 leas-stiúrthóir agus 1 príomhoifigeach amháin

Cé go raibh earcú ina phríomhthosaíocht i gcónaí don tSeirbhís, bhí sé dúshlánach go leor baill foirne nua a mhealladh, go háirithe oibrithe sóisialta cáilithe, mar gheall ar iomaíocht ghéaraithe a bheith ann toisc geilleagar lánfhostaíochta a bheith i réim.

Chuir an tSeirbhís Promhaidh tús le trí chomórtas sa bhliain 2022, lena n-áirítear:

- Comórtas chun Maoirseoir Seirbhísí a earcú in mí Feabhra
- Comórtas chun Leas-Stiúrthóir a earcú i mí an Mhárta
- Comórtas Oifigeach Promhaidh do Bhaile Átha Cliath agus Luimneach i mí Lúnasa
- Oifig Seirbhísí d'Oifig Chorcaí

**Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh**
Mark Wilson



***Leas-Stiúrthóir* an Chleachtais Éifeachtaigh**
Una Doyle

***Leas-Stiúrthóir* na nOibríochtaí (Cúirteanna agus Pobal)**
Olivia Keaveney

***Leas-Stiúrthóir* na nOibríochtaí (Príosúnaigh agus Imeascadh)**
Fiona Ní Chinnéide

***Príomh-Oifigeach* Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáide**
Cillian Smith






# Earcaigh Nua sa bhliain 2022

**Mary Prendeville, Oifigeach Feidhmiúcháin i Margadh an Fhéir, Baile Átha Cliath**
Chuaigh Mary isteach sa tStátseirbhís siar sa bhliain 1998 agus cuireadh i mbun roinnt ról ar fud na Roinne Dlí agus Cirt ó shin i leith. Le blianta beaga anuas tá 7 mbliana caite aici ag obair in bhFóiréinseolaíocht Éireann sular ghlac sí le tairiscint chun dul isteach sa tSeirbhís Promhaidh i mí Aibreáin 2022 trí deis léirithe spéise a thapú.

"Is fada liom 7 mbliana a chaitheamh sa réimse céanna agus bhí athrú de dhíth orm i mo ghairm bheatha, dar liom, le go mbeadh deiseanna foghlama, forbartha agus dul chun cinn gairme nua le tapú agam. Chonacthas dom gur áit an-chairdiúil í an tSeirbhís Promhaidh le bheith ag obair ann agus cuireadh fáilte chroíúil romham. Ní raibh aon mhoill orm socrú isteach i mo phost nua, go háirithe le mo chomhghleacaithe nua ó tharla gur réitíomar go han-mhaith lena chéile. Ba léir dom gur oifig an-ghnóthach í seo. Neart cruinnithe ar siúl gach lá agus seisiúin oiliúna á reáchtáil de shíor do bhaill foirne, idir nua agus reatha. Bhraith mé mar bhall den fhoireann go han-luath tar éis tosú i mo phost nua.

Cuid mhaith de mo chuid oibre is ea plé le ríomhphoist, le fiosruithe, le boscaí poist a bhainistiú, le cruinnithe a sceidealú, agus le dialanna an stiúrthóra agus na leas-stiúrthóirí a bhainistiú. Gné thábhachtach eile de mo phost is ea freastal ar chruinnithe luchta stiúrthóireachta agus tacaíocht a thabhairt le go bhfeidhmeodh siad go binn. Agus mé sáite san obair seo, tá an dúrud eolais agus faisnéise á bhailiú agam i réimsí nach raibh taithí riamh agam orthu go dtí seo, amhail straitéis, pleanáil gnó, pleananna oibre agus beartas. Is deas é mar athrú é seo agus is é an ghné is taitneamhaí de mo phost gan aon agó."



"Bhí spéis agam riamh i gcúrsaí promhaidh. Agus oiliúint á cur orm le bheith i m'oibrí sóisialta, ba i réimse an phromhaidh a rinne mé ceann de mo chuid socrúchán nuair a fostaíodh i bpríosún lár tíre mé agus thaitin sé thar cionn liom.

**Michelle Heary, Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin i Margadh an Fhéir, Baile Átha Cliath**
Cháiligh Michelle mar oibrí sóisialta sa bhliain 2013 agus chaith sí 9 mbliana ag obair in TUSLA i mbun róil éagsúla, í ag obair le blianta beaga anuas le leanaí faoi chúram mar Cheannasaí Foirne i dTuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath. Tháinig Michelle isteach sa tseirbhís mar oifigeach promhaidh sinsearach tar éis éirí léi i gcomórtas i mí Dheireadh Fómhair 2022.

B'athrú mór dom é bogadh ó TUSLA go dtí an tSeirbhís Promhaidh. Cinnte dearfa bhí cuar foghlama géar ag baint leis, cleachtais agus beartais nua a chur ar mo thoil agam fad is a bhí mé ag iarraidh teacht isteach ar an obair agus éirí muiníneach i ról nua ag an am céanna. É sin ráite, bhí cosúlacht nach beag idir m'obair le Promhadh agus m'obair le TUSLA toisc na teaghlaigh lena mbím ag plé - is iad na grúpaí teaghlach ceannann céanna geall leis a mbímid ag plé leo. Sílim gur den ríthábhacht é go n-oibrímid ar bhealach atá an-ildisciplíneach chomh maith le tréaniarracht a dhéanamh freastal ar riachtanais na ndaoine óga seo. Chun dul i ngleic leis na cionta a dhéanann siad ach súil á coinneáil amach againn ag an am céanna do dheacrachtaí ina saol a d'fhéadfaimis tacú leo réiteach a fháil orthu.

Déanann m'fhoireann obair na gcapall. Is millteanach díograiseach an dream iad, a ndúthracht á caitheamh acu le freastal ar riachtanais daoine óga agus cabhrú leo cor dearfach a chur ina gcinniúint féin. Tuigimid go rímhaith freisin an dualgas atá orainn pobail níos sábháilte a chothú. Déanfaimid iarracht féachaint ar chúrsaí ar bhealach úr agus gníomhú go haisiríoch – sílim gur gné an-tábhachtach dár róil é sin. Cuirimid cineálacha cur chuige eile san áireamh sa tsúil go gcabhródh sé sin le duine óg cúiteamh a dhéanamh ar an díobháil a rinne sé nó sí."



"Is breá liom obair duine le duine a dhéanamh le cliaint, idirghabhálacha a chur in oiriúint dóibh agus pleananna bainistithe cáis a cheapadh dóibh."

**Johnny Maguire, Oifigeach Promhaidh i bhFoireann Pobail Laoise/Uíbh Fhailí**
Chaith Johnny roinnt blianta ag obair le TUSLA mar chuid d'fhoireann lár tíre agus Baile Átha Cliath Theas-Lár sular chuaigh sé isteach sa tSeirbhís Promhaidh i mí an Mheithimh 2022.

"Bhain mé fíorthaitneamh as an seal a chaith mé ag obair le TUSLA ach, tar éis socrúchán a dhéanamh i réimse an Phromhaidh agus mé ar an gcoláiste, bhí suim agam i gcónaí i dteacht ar ais chuig réimse an cheartais choiriúil chun dul ag obair ann. Is í obair le cliaint an obair is ansa liom. Is breá liom obair duine le duine a dhéanamh le cliaint, idirghabhálacha a chur in oiriúint dóibh agus pleananna bainistithe cáis a cheapadh dóibh. Is breá liom líon cásanna measctha a bheith agam freisin, mé ag obair le daoine fásta fad is atá roinnt daoine óga mar chuid de mo líon cásanna chomh maith. Cuimsíonn mo chuid oibre raon leathan réimsí, lena n-áirítear cionta gnéasacha, foréigean teaghlaigh agus bím isteach agus amach ón bpríosún go minic i mbun tuarascálacha coimeádta a dhéanamh. Toisc go mbíonn an obair chomh héagsúil sin, ní fada a bhíonn tú suite taobh thiar de dheasc agus is beag seans go n-éireoidh tú leamh ionat féin mar sin. Is meascán deas é de thuarascálacha a scríobh agus measúnacht agus maoirseacht a dhéanamh. Tá cothromaíocht oibre is saoil maith ann, rud a thaitníonn go mór liom!"



# Ár gCrainn Thaca

**Eagraítear an tuarascáil bhliantúil faoi 5 phríomhcheannteideal, ar bhealach a thagann leis na téamaí straitéiseacha a sainaithníodh i Ráiteas Straitéise na Seirbhíse Promhaidh 2021 – 2023.**

## 1 Sábháilteacht an Phobail a Fheabhsú

Laghdóimid an méid coireachta agus íospartha a tharlaíonn inár bpobail chun sábháilteacht phobail a fheabhsú trí bhíthin smachtbhannaí pobail faoi mhaoirseacht den scoth a chur i bhfeidhm.

## 2 Comhoibriú agus Rannpháirtíocht a Neartú

Oibreoimid linn chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna casta a théann i bhfeidhm ar cheartas coiriúil, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe ceartais choiriúil, leis an earnáil reachtúil i gcoitinne agus le heagraíochtaí deonacha agus pobail.

## 3 An Cuimsiú á Chur Chun Cinn

Neartóimid tuilleadh cultúr eagraíochtúil a thugann aitheantas do agus a thacaíonn le héagsúlacht, le himeascadh agus le cearta an duine; agus na rudaí seo uile le sonrú i ngach gné de bheartas agus de chleachtas na Seirbhíse Promhaidh.

## 4 Ag Cumasú Ár bhFoireann

Déanfaimid infheistíocht inár bhfoireann chun nuálaíocht, foghlaim agus folláine a chur chun cinn, le cur ar chumas ár mball foirne seirbhís ghairmiúil den scoth a sholáthar.

## 5 Ag Nuachóiriú Ár gCur Chuige


Déanfaimid tuilleadh forbartha ar an tSeirbhís d'fhonn na caighdeáin is airde d'fheidhmíocht eagraíochtúil agus rialachais a bhaint amach.

# Ráiteas Straitéis 2021-23: An Dul Chun Cinn a Rinneamar i mBliain 2

**Maidir le Straitéis na Seirbhíse Promhaidh 2021-2023, tá plean gníomhaithe mionsonraithe i bhfeidhm againn ina bhfuil 106 gníomh atá dírithe ar thorthaí agus a rianaítear i gcomórtas leis na spriocanna ardleibhéil a leagtar amach inár straitéis.**

Forbraíodh an plean gníomhaithe le bheith ina phlean oibre trí bliana agus 346 Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) aige a bhfuil amlínte soiléire leagtha síos dóibh. Déantar athbhreithniú ar an bplean oibre seo ar bhonn ráithiúil agus cinntíonn sé go ndéantar maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar spriocanna ardleibhéil na Seirbhíse agus go mbaintear amach go héifeachtach iad.

Ag deireadh Bhliain 2 den straitéis, tá tromchuid na hoibre déanta ag an tSeirbhís Promhaidh maidir lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach go rathúil agus 68% de na Gníomhartha taifeadta mar chríochnaithe (Gorm) nó geall le bheith críochnaithe (Glas) ar an 31 Nollaig 2022.




**Straitéis na Seirbhíse Promhaidh 2021-23**
**Stádas an Ghnímh ar an 31 Nollaig 2022**

- Gníomh Críochnaithe
- Gníomh Geall le Bheith Críochnaithe (>75% de críochnaithe)
- Tús curtha leis an ngníomh agus é ar an mbóthar ceart i dtreo bheith críochnaithe (<50% de críochnaithe
- Níor cuireadh tús leis an Gníomh fós (níos lú ná 10% de críochnaithe)

1

Crann Taca 1

# Sábháilteacht an Phobail a Fheabhsú

# Ag obair le Daoine a Thug Drochíde dár bPáirtithe

*"Cheap mé gur gnáthrud é i dtús báire. Cheap mé gur cuid den saol é gur briseadh mo mhéar. Tharla sé sin le linn dom bheith i gcaidreamh le m'iarpháirtí ach táim imithe ón gcaidreamh sin anois. Tuigim anois nach raibh sé ceart ná cóir.*

Ag ócáid i mí na Nollag chun comóradh a dhéanamh ar 16 lá ar fud na cruinne de ghníomhaíochas i gcoinne Foréigean Inscnebhunaithe, d'éist baill foirne na Seirbhíse Promhaidh agus daoine seachtracha a fuair cuireadh le cuntas tochtmhar Sandra, bean a d'éalaigh ó chaidreamh drochídeach. Is cliant de chuid SAOL í Sandra – tionscadal do mhná i Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath arna mhaoiniú ag an tSeirbhís Promhaidh.

Thug Sandra cuntas ar conas mar a fuair sí an misneach scaradh óna páirtí agus a thuiscint nach cuid den saol é an drochíde a a d'fhulaing sí, rud a rinne sí le tacaíocht óna piaraí agus ó oibrithe tionscadail de chuid SAOL

Ba chumhachtach an chomhairle a thug Sandra d'aon duine atá sáinnithe i gcaidreamh drochídeach, "Déarfaidh siad leat nach mbeidh siad in ann teacht slán gan thú. Ach is tusa atá ag iarraidh teacht slán uathu, agus is é an chomhairle a thugaim do mná sna cásanna seo mar sin ná labhairt amach agus éalú fad is atá sé fós ar a gcumas é sin a dhéanamh".

Comóradh ag an ócáid i mí na Nollag na céadta ban a fuair anbhás in Éirinn agus labhair cainteoirí faoi neart ábhar, lena n-áirítear stalcaireacht, drochíde ar líne agus próisis dhúnmharaithe teaghlaigh i dTuaisceart Éireann

In 2022 lean an tSeirbhís Promhaidh dá hobair le daoine a thugann drochíde dár bpáirtithe agus leis na híospartaigh a bhíonn thíos leis an gcoir chéanna. Seoladh beartas agus treoirlínte leasaithe maidir le drochíde ó pháirtí i mí Feabhra, le feidhmiú mar threoir chleachtais nuashonraithe do bhaill foirne atá ag plé le drochíde ó pháirtí.

Ag teacht leis an Tríú Straitéis Náisiúnta i leith Foréigean Teaghlaigh, agus Foréigean Gnéasach agus Inscnebhunaithe (2022-2026) gheall an tSeirbhís tiomanta go gcuirfidís clár athshlánaithe duine le duine (1-1) ar fáil agus é curtha i láthair ag baill foirne oilte mar rogha d'fhir a ciontaíodh i bhforéigean i gcoinne a bpáirtithe. Fuarthas maoiniú freisin chun bonn a chur faoin gclár a bhain le gné thacaíochta íospartaigh chomhtháite dírithe ar páirtithe na bhfear a chosaint. Leanadh d'obair i gcomhar le soláthraithe de chláir do chiontóirí MOVE Ireland agus MEND a reáchtálann an clár cóireála 'Roghanna' agus chabhraigh an tSeirbhís le hathbhreithniú arna choimisiúnú ag an Roinn Dlí agus Cirt a dhéanamh ar an gclár seo.

Chomh maith leis sin sa bhliain 2022, mar chuid dá n-ionduchtú, cuireadh oiliúint ar oifigigh phromhaidh nua le go mbeidís in ann freagairt cheart a thabhairt ar dhaoine a dhéanann foréigean teaghlaigh agus smacht comhéigneach agus ar na híospartaigh a bhíonn thíos leis. Uasghrádaíodh cleachtóirí seanbhunaithe go leagan 3 den uirlis mheasúnaithe riosca de chuid SARA, le go mbeidís ullamh chun leochaileachtaí íospartaigh i gcásanna de dhrochíde sa teaghlach a aithint, chomh maith leis na fachtóirí riosca a bhaineann le déantóirí drochíde sa bhaile a aithint.

Tharla neart foghlamtha comhroinnte agus líonraithe idirnáisiúnta sa tSlóvaic i mí Mheán Fómhair 2022 agus ionadaithe ón tSeirbhís i láthair ag cruinniú na Meithle Saineolaithe um Chónaidhm Phromhaidh na hEorpa/ um Dhrochíde sa Teaghlach Euro-Pris. Ag an am céanna níos gaire don bhaile, d'fhón caidrimh le comhghleacaithe i mBord Promhaidh Thuaisceart Éireann agus in Albain do dhea-chleachtais a chinntiú sa réimse dúshlánach oibre seo.

Leas-Stiúrthóir , Olivia Keaveney [i lár] agus Carmel Donnelly, Príomh-Oifigeach Cúnta Promhaidh [i lár ar dheis] ag an ócáid don fhoireann i mí na Nollag chun 16 Lá in Aghaidh an Fhoréigin Inscnebhunaithe.



# Ag Obair le Daoine a Ciontaíodh i gCionta Gnéasacha

*Nuair atá fear ina shuí i gciorcal in éineacht le seacht bhfear eile atá tar éis cion gnéasach díobhálach a dhéanamh agus má tá siadsan á rá leis go bhfuil rud éigin mícheart, is deacair cluas bhodhar a thabhairt dó sin. Má dheir duine ar aon dul leis,'Ní dóigh liom gur smaoineamh maith é sin' agus má thacaíonn sé leis chun athrú chun feabhais a dhéanamh, tugtar dóchas don té sin".*

Tá Sue Casey, Oifigeach Promhaidh, ag obair leis an tSeirbhís le 15 bliana anuas, agus í i mbun éascú a dhéanamh ar an gclár Cóireála Saolta níos Sábháilte le 9 mbliana anuas, an clár sin do dhaoine a ciontaíodh i gcionta gnéasacha. Dúirt sí go bhfuil lorg láidir fágtha uirthi ó bheith ag obair ar an gclár. "Is bealach difriúil oibre é; chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir obair shóisialta na Seirbhíse Promhaidh agus teiripe, caithfidh tú priocadh a thabhairt do dhaoine agus a ndúshlán a thabhairt."

"D'athraigh sé an chaoi ina dtéim chun cainte le daoine agus an chaoi ina ndéanaim cumarsáid leo Bíonn ábhair an-thromchúiseach, an-dhíobhálach faoi chaibidil sa ghrúpa agus caithfidh tú a bheith in ann eolas a chur in iúl do dhaoine ar bhealach atá sothuigthe dóibh. Caithfidh tú a bheith in ann a gcuid cosantachta, a gcuid feirge agus a gcrá croí a chur díot agus an fód a sheasamh. Tá sé tar éis an chaoi ina gcuirim eolas in iúl a athrú ó bhonn".

Is clár grúpa theiripigh é an clár Cóireála Saolta Níos Sábháilte atá bunaithe ar an Múnla Saolta Fónta. Dearadh é le cuidiú le fir léargas a fháil ar na cionta a rinne siad agus an dochar a tháinig astu, chomh maith le cabhrú leo an t-eolas agus na scileanna a fhorbairt le saol níos sábháilte a chaitheamh ar mhaithe leo féin, ar mhaithe lena dteaghlaigh agus ar mhaithe lena bpobail.

Dúirt Sue go ndéanann sí an obair seo toisc go gcreideann sí i "ndraíocht an ghrúpa". Dar léi, nuair atá fear ina shuí i gciorcal in éineacht le seacht bhfear eile atá tar éis cion gnéasach díobhálach a dhéanamh agus má dheir siad leis go bhfuil rud éigin mícheart, is deacair cluas bhodhar a thabhairt dó sin. Má dheir duine ar aon dul leis,'Ní dóigh liom gur smaoineamh maith é sin' agus má thacaíonn sé leis chun athrú chun feabhais a dhéanamh, tugtar dóchas don té sin".

Is trí Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóirí Gnéis (SORAM) a bhainistítear ciontóirí gnéis sa phobal, an tionscnamh seo faoi stiúir An Gharda Síochána agus na Seirbhíse Promhaidh agus tacaíocht ghníomhach á fáil aige ó TUSLA, Tithíocht Údarás Áitiúil agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Lean Oifig Náisiúnta SORAM (NSO) de leibhéal tacaíochta agus maoirseachta a thabhairt d'Fhoirne SORAM Áitiúla, agus é mar aidhm caighdeán éifeachtach, comhsheasmhach agus inchosanta bainistíochta riosca a chur chun cinn i measc na 28 fhoireann áitiúla.

I gcaitheamh na bliana 2022, rinneadh maoirseacht ar 210 ciontóir gnéis ciontaithe go náisiúnta sa phobal faoin bpróiseas SORAM.

## Réamh-Scaoileadh SORAM

Bhunaigh an Oifig Náisiúnta SORAM Grúpa Forfheidhmithe i leith Réamh-Scaoilte de chuid SORAM (PRS) chun tús a chur le cruinnithe réamh-scaoilte SORAM do dhaoine atá le scaoileadh ón bpríosún. Cuideoidh sé seo leo dul i measc an phobail arís ó thaobh bainistíochta riosca agus imeasctha de. Tá an Grúpa Forfheidhmithe PRS



Campas Phríosún Luimnigh ar Shráid Mulgrave

tar éis Nós Imeachta Oibríochta Caighdeánach mionsonraithe a chríochnú a bhfuil an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta SORAM tar éis tacú leis.

Le linn 2022, d'ullmhaigh an Grúpa Forfheidhmithe PRS le haghaidh na treoirthréimhse de chruinnithe réamh-scaoilte SORAM. Cheap an Oifig Náisiúnta SORAM dhá mhodúl oiliúna le cur i láthair do phearsanra ag obair sa phríosún páirt a ghlacadh i gcruinnithe PRS. Táthar ag súil go reáchtálfar na chéad mhodúil sa bhliain 2023 agus cuirfear tús leis an treoirthréimhse i bpríosún Chnoc an Arbhair agus Lár Tíre ina dhiaidh sin.

### An Bille um Chiontóirí Gnéis (Leasuithe), 2021

Forbairt dhearfach is ea foilsiú an Bhille um Chiontóirí Gnéis (Leasuithe), 2021. Tá tagairt don Fhoireann Measúnaithe agus Bainistíochta ar feidhm de chuid SORAM í i gCuid 14A. Cuirfidh sé SORAM ar bhonn reachtúil agus é de cheangal ar na gníomhaireachtaí a ainmnítear agus baint acu le SORAM faoi láthair a bheith i láthair. Tá an reachtaíocht seo tar éis dul chun maith a dhéanamh san Oireachtas sa bhliain 2022 agus táthar ag súil go n-achtófar é sa bhliain 2023.

## Ag Obair le Daoine i bPríosún

Tá ionadaithe ag an tSeirbhís Promhaidh i ngach ceann de 12 phríosún sa tír seo, áit a bhfuil na hionadaithe céanna ag obair mar chuid d'fhoirne ildisciplíneacha a thacaíonn le hath-imeascadh. In 2022, d'oibrigh an tSeirbhís le 2,880 duine i bpríosún, idir fhir agus mhná.

In 2022 tháinig méadú suntasach ar dhaonra na bpríosún ar fud na tíre. Faoi dheireadh na bliana, Nollaig 2022, bhí 4,300 duine faoi choimeád i bpríosúin in Éirinn. Ba mhéadú suntasach é seo i gcomparáid le líon na ndaoine a bhí faoi choimeád an Nollaig roimhe sin: 3,800. De bharr an mhéadaithe seo ar líon na ndaoine faoi choimeád, tháinig méadú dá réir ar líon na ndaoine ar ghá don tSeirbhís Promhaidh maoirseacht a dhéanamh orthu, rud a d'fhág go raibh 1,700 duine faoi choimeád faoi réir orduithe reachtúla iar-choimeádta sa bhliain 2022.

## Chabhraigh Seirbhísí i bPríosún le Clara Dóchas Nua a Fháil

"Chuaigh mé isteach sa phríosún breis agus bliain go leith ó shin. B'andúileach mé ar theacht isteach dom agus mé an-tanaí. Ní raibh féinmheas ná féinmhuinín ar bith agam. Ní raibh ionam ach mo scáil. Ní raibh oideachas ar bith orm. D'fhéadfá a rá nach raibh faic na ngrást agam.

Is iad na seirbhísí a fuair mé i bpríosún a thug slán mé. Agus mé ag obair le m'oifigeach promhaidh agus le príomhoibrithe eile, chuidigh sé liom tacaíochtaí a aimsiú agus chothaigh sé an féinmhuinín ionam le tuiscint nach é deireadh an domhain é seal a chaitheamh i bpríosún.

Tá na tacaíochtaí a fhaighimid anseo sa phríosún do m'ullmhú chun bheith réidh don saol nuair a scaoilfear amach mé. Roimh theacht anseo dom bhíodh scáth orm bualadh le gairmithe agus le hoibrithe sóisialta ach a bhuí leis an seal atá caite agam i bpríosún, tuigim anois go bhfuil teacht agam ar dhaoine agus ar go leor seirbhísí a chabhróidh liom chun mé féin a chur ar bhóthar mo leasa.

Tá oideachas tar éis dul go mór chun sochair dom. Ar theacht isteach dom, níor dhóigh liom go mbeinn in ann chuige ar chor ar bith ach chonaic mé cuid de na mná eile a bhí rannpháirteach ann agus is dócha gur thug sé sin misneach dom. Ón uair ar thosaigh mé ag glacadh páirt ann, chonacthas dom go raibh na múinteoirí thar barr. Ó mo thaobhsa de, tá an seal atá caite agam i bpríosún tar éis dul go mór chun sochair dom agus tá dóchas nua faighte agam a fhónfaidh dom amach anseo "

# Ag Obair leis an mBord Parúil

Is comhlacht neamhspleách, reachtúil é an Bord Parúil a dhéanamh iarratais ar Pharúil a mheas ó phríosúnaigh a bhfuil pianbhreitheanna saoil gearrtha orthu ach a bhfuil breis agus 12 bliain dá bpianbhreith caite acu.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, scaoileadh saor ó choimeád an chéad duine riamh in Éirinn ar ar deonaíodh ordú parúil. Scaoileadh an duine seo saor ó phríosún oscailte Theach an Locháin i gCo. an Chabháin agus tá cónaí air sa phobal anois in oirdheisceart na tíre.

Bunaíodh an Bord Parúil nua faoin Acht Parúil, 2019 agus tháinig sé i bhfeidhm i dtreo dheireadh 2021. Thosaigh oifigigh phromhaidh ag cur tuarascálacha faoi bhráid an Bhoird go luath sa bhliain 2022. Ba an-chríochnúil mar thuarascálacha iad ós rud é gurbh í seo an chéad uair do na daoine seo a bheith tugtha os comhair an Bhoird Parúil. Agus iad ag teacht ar bhreith, cuireann siad san áireamh meon, stair chionta, fachtóirí riosca, stair shóisialta agus pleanáil le haghaidh scaoileadh amach. Is cuid lárnach de na measúnuithe freisin léargas dhéantóir na coire ar an dochar a rinne sé nó sí.

Tá forbairt nua i gceist leis an Acht Parúil 2019 lenár féidir oifigeach promhaidh iarratas a dhéanamh ar an mBord ar ordú parúil a athrú nó a chúlghairm más léir go bhfuil duine a scaoileadh amach ar ordú parúil ag streachailt sa phobal.

Tá príosúnaigh incháilithe, a chaith níos mó ná 12 bhliain de phianbhreith saoil incháilithe le cur isteach ar pharúl. Den chéad uair, tá duine a chuireann isteach ar pharúl i dteideal ionadaíochta dlíthiúla. Ós rud go bhfuil guth an íospartaigh ag croílár an phróisis, tá clann an íospartaigh i dteideal chun labhairt leis an mBord Parúl agus ionadaíocht dhlíthiúil acu.

# Leas a Bhaint as an tSeirbhís Phobail in Éirinn

I rith 2022, agus srianta COVID maolaithe, osclaíodh ionaid seirbhíse pobal agus cuireadh tús arís le gníomhaíocht iontu ar fud na tíre. Cuireadh tús arís le hobair seirbhíse pobail i scoileanna, in ospidéil, suíomhanna pobail, suíomhanna bus soghluaiste, agus freisin in ionaid ata tacaithe ag eagraíochtaí pobalbhunaithe a mhaoiníonn an tSeirbhís Phromhaidh. Bhí ról ríthábhachtach ag na comhpháirtíochtaí sin maidir le hoibríochtaí seirbhíse pobail a atosú i rith 2022. Leanadh ar aghaidh leis an gComhpháirtíocht le Cumann na Croise Deirge, agus clár na heagraíochtaí faoi stiúir piaraí um Chultúr Neamhfhoréigin curtha i bhfeidhm le haghaidh daoine faoi réir orduithe Seirbhíse Pobail/Fhilleadh ar Phobail i mBaile Átha Cliath agus san Iarmhí. Leanfar ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht sin sa bhliain 2023.

Tugadh faoi athbhreithniú oibriúcháin seachtrach ar sheirbhís phobail sa bhliain 2022, a chuir le hathbhreithniú fianaise a rinneadh sa bhliain 2021. Ba ionann sin agus an dara céim d'athbhreithniú trí-chéime ar sheirbhís phobail a bhí dírithe ar níos mó leasa a bhaint as a acmhainn mar smachtbhanna pobalbhunaithe éifeachtach. Bhí baill foirne agus daoine aonair a bhí faoi réir orduithe seirbhíse poiblí rannpháirteach san athbhreithniú oibriúcháin chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha lenar áiríodh na breithiúna, An Garda Síochána, agus an tSeirbhís Chúirteanna. Dírítear san athbhreithniú ar conas is fearr cur chuige comhpháirtíochta a fhorbairt i dtreo seirbhíse pobail agus conas prionsabail an staid, an cheartais aisiríoch agus an cheartais shóisialta a chumhdach sa chóras.

In 2022, bhainistigh an tSeirbhís Phromhaidh 1,288 ordú Seirbhíse Pobail a rinneadh.

> ***"Murach a gcabhair ní bheimis in ann leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís. Níl na hoibrithe againn chun an líon sin beart a phacáil agus a phróiseáil gach seachtain. Tá a gcabhair an-luachmhar dúinn agus don phobal i gcoitinne".***

## Tairbhe a Dhéanamh d'Óstionaid & Óstphobail Ar Fud na Tíre

Léirítear le teistiméireachtaí ó ósteagraíochtaí, lena n-áirítear scoileanna, seirbhísí óige agus teaghlaigh, clubanna spóirt agus carthanais go bhfuil an obair a dhéanann foirne seirbhíse pobail thar a bheith luachmhar agus thar a bheith tábhachtach dóibh. Tá an-mheas ag óstionaid ar mhaoirseoirí seirbhíse pobail agus maidir leis an obair a dhéanann na foirne, obair í nach ndéanfaí murach na foirne seirbhíse poiblí, go háirithe ag am ina bhfuil leibhéal íseal dífhostaíochta. Áirítear leis na gníomhaíochtaí gairneoireacht, cothabháil tailte, tionscnaimh ghlantacháin, tógáil, péinteáil agus cothabháil ghinearálta

## Teistiméireacht ag Ósta Mid-West Simon

Tá an carthanas Mid-West Simon ag obair le foireann Seirbhíse Poiblí na Seirbhíse Promhaidh i gCathair Luimnigh ó bhí 2018 ann. Tá bainc bhia ag an gcarthanas i Luimneach agus i gClár agus gné lárnach dá gcuid oibre é beartáin bhia a sholáthar do theaghlaigh agus do dhaoine aonair atá ag plé le cúinsí deacra. Ullmhaíonn an carthanas na beartáin bhia ina dtrádstóras ar imeall na cathrach agus iompraíonn sé iad go hionaid fhágála éagsúla sa réigiún. Tá cliaint na Seirbhíse Promhaidh atá faoi réir orduithe seirbhíse poiblí páirteach i bhfoireann a oibríonn i dtrádstóras Mid-West Simon a phróiseálann agus a shórtálann earraí bia deonaithe isteach i mbeartáin bhia aonair.

Is í Jenny Walsh an Comhordaitheoir Banc Bia agus Dáileacháin le Mid-West Simon i Luimneach agus míníonn sí a thábhachtaí is atá an fhoireann seirbhíse poiblí don obair a dhéanann an carthanas,




Clann Shíomóin an Iarthair Láir, suíomh óstach Seirbhíse Pobail i Luimneach.

## Teistiméireacht Cliaint – Taithí Tom

Gearradh pionós de 240 uair an chloig de sheirbhís phobail ar Tom in áit 5 mhí sa phríosún. Bhí sé neirbhíseach faoi na huaireanta a dhéanamh ach tharla sé go raibh taithí an-dearfach aige le foireann na Seirbhíse Promhaidh i mBaile Átha Cliath. Rinne Tom a chuid uaireanta in Ionad Capaill Cherry Orchard. Ní raibh obair aige ar feadh roinnt blianta sular ciontaíodh é ach cuireann sé síos ar a chuid ama i Cherry Orchard mar "...bhealach le dul ar ais san fhórsa oibre." Gach Satharn, thagadh sé ag obair ag an ionad agus nuair a bhí air teacht go rialta agus an lá ar fad a chaitheamh ag obair, chuaigh sé i dtaithí ar an obair arís "Thaitin mo chuid oibre go mór liom ach níor shamhlaigh mé riamh go mbeinn fostaithe arís... d'athraigh an dearcadh sin nuair a rinne mé mo chuid uaireanta seirbhíse pobail."

Rinne sé roinnt nasc dearfach ar an láthair freisin; agus é ag déanamh a chuid uaireanta san ionad capaill, d'oibrigh Tom taobh le fear óg ar tharla go raibh sé ina phrintíseach leictreora. D'fhostaigh Tom é chun roinnt oibre a dhéanamh ar thionscadail tógála a bhainistigh sé agus oibríonn an bheirt le chéile fós anois is arís. Míníonn Tom gur bhraith sé go mór gur thug sé rud éigin ar ais don phobal tar éis dó dochar a dhéanamh trína chuid Seirbhíse Pobail a dhéanamh, "Bhraith mé go raibh rud éigin maith tar éis teacht as an bpraiseach sa mhéid is go raibh mé in ann rud éigin a thabhairt ar ais don tsochaí agus tógadh amach mé as ísle brí a bhí i ndán dom."

Ionad Eachaí Ghort na Silíní suíomh óstach seirbhíse pobail i mBaile Átha Cliath



# Filleadh ar an bPobal: Curtha ar fáil i gComhpháirt le Seirbhís Phríosúin na hÉireann

*"Cuireann Filleadh ar an bPobal dreasacht thábhachtach ar fáil do dhaoine faoi choimeád chun géilleadh d'orduithe agus aghaidh a thabhairt ar a n-iompraíocht chiontaithe. Is tábhachtach é dá gcuid teaghlach freisin agus féadann sé cabhrú le muinín a chothú arís. Mar shampla, trí haird a thabhairt ar éacht tábhachtach atá déanta ag duine agus iad i bpríosún, is féidir go minic comharthú do theaghlaigh nó dá ndaoine muinteartha go bhfuil athrú dearfach déanta acu agus machnamh déanta acu ar an díobháil a rinneadh mar thoradh ar a gcuid gníomhartha roimhe sin."*

*An Gobharnóir Perry,*
*Seirbhís Phríosúin na hÉireann*

In 2022 scaoileadh 176 duine ó choimeád mar chuid den Scéim um Fhilleadh ar an bPobal. D'fhan rátaí iomlána comhlíontachta leis an Scéim um Fhilleadh ar an bPobal ard i rith na bliana (91%) agus d'fhéach an tSeirbhís thar 153 chás de fhilleadh ar an bpobal i rith na bliana.

Cuireadh deireadh le srianta COVID-19 agus d'fheidhmigh gach ionad le hacmhainn iomlán arís mar a rinne roimh an bpaindéim. Mar thoradh ar bhaint na srianta bhí níos mó oibre ionaid ar fáil agus filleadh ar ionaid i bpobail a cuireadh ar fionraí roimhe sin i rith dianghlasálacha.

Tá an chomhpháirtíocht leantach idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh chun gach céim den Scéim um Fhilleadh ar an bPobal a bhainistiú, ríthábhachtach chun cinntiú go mbainistítear go héifeachtúil, go héifeachtach agus go sábháilte í.

*"Is é atá i bhFilleadh ar an bPobal go bunúsach ná aistriú ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chuig an tSeirbhís Phromhaidh. Leantar ar aghaidh leis an maoirseacht faoi choinneáil ar bhonn pobail, agus tá dlúthchomhar idir an dá ghníomhaireacht fíor-riachtanach chun go n-éireodh leis. Is é atá i gceist leis ná dea-chumarsáid, solúbthacht agus cóimheas ar ár gcuid cuspóirí lárnacha faoi seach. Táimid ag obair i dtreo aidhm amháin a chomhlíonadh, is é sin athchiontú a laghdú agus díobháil bhreise de thoradh na coireachta a chosc."*

*"Ó thaobh oifigeach príosúin, cuirtear ar do shúile duit go bhfuil tú díreach i do chuid amháin de chóras dlí coiriúil i bhfad níos leithne. I gcás gach duine a thagann isteach i bpríosún, ní mór do dhuine éigin teacht amach ón bpríosún. Má dhéantar an próiseas sin a struchtúrú agus a bhainistiú, faightear go bhfuil sé an-éifeachtach. Tá caidreamh oibre den scoth againn go háitiúil lenár bhfoireann Seirbhíse Promhaidh. Cabhraíonn sé sin le cur amach a fháil ar an bpobal maoirseachta, ar dúshlán difriúil amach is amach é. Má thuigimid an dúshlán sin, is féidir linn na príosúnaigh a ullmhú níos fearr, rud a mhéadóidh a gcuid deiseanna chun aistriú go rathúil chuig an bpobal."*

*An Gobharnóir Perry,*
*Seirbhís Phríosúin na hÉireann*

2

# Crann Taca 2
# **Comhoibriú & Rannpháirtíochta a Neartú**



# Aghaidh a Thabhairt tríd an gCeartas Aisiríoch ar an Díobháil a Dhéantar le Coireacht

I rith na bliana 2022, lean an tSeirbhís air ag cumhdach phrionsabail agus idirghabhálacha an cheartais aisiríoch ina gcleachtas maoirseachta trí hobair Aonaid thiomnaithe um Cheartas Aisiríoch agus Íospartach. Tugann an t-aonad ceannaireacht agus tacaíocht chun raon de shamhaltacha ceartais aisiríoch a sholáthar ar bhealach leanúnach agus comhtháite, lena n-áirítear comhdháil teaghlaigh/aisiríoch, painéal cúitimh ciontaí, idirghabháil íospartaigh ciontóra agus idirghabhálacha aisiríocha 'saincheaptha'.

Leag an t-aonad béim faoi leith ar oiliúint sa bhliain 2022. Chuir sé oiliúint ar fheasacht maidir le híospartaigh ar fáil do bhaill foirne agus thug sé faoi seó bóthair réigiúnach chun feasacht a ardú faoi shamhaltacha ceartais aisiríoch, shamhaltacha cleachtais agus chun comhtháthú an cheartais aisiríoch i measúnuithe agus pleananna bainistíochta cliaint a chur chun cinn.

Sa bhliain 2022 sholáthair an tSeirbhís Phromhaidh freisin maoiniú de €637,500 do cheithre heagraíocht pobalbhunaithe chun cláir tiomanta um cheartas aisiríoch a chur ar fáil. Áirítear leo siúd Seirbhís Ceartais Aisiríoch i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Ceartas Aisiríoch sa Phobal i réigiún Laoise, Uíbh Fhailí agus Thiobraid Árann. Táirgeann Tionscadal Cornmarket ceartas aisiríoch in idirghabhálacha i réigiún Loch Garman cuireann Oibrí Tionscadail um Cheartas Aisiríoch le Le Chéile seirbhís ar fáil do Réigiún an Iardheiscirt agus Luimnigh. Soláthraíonn roinnt tionscadal eile idirghabhálacha ceartais aisiríoch mar chuid de shraith leathan seirbhísí do chiontóirí.

### Tuairisc ar Cheartas Aisiríoch sa Phobal:

> ***"Creidim go bhféadann Ceartas Aisiríoch eispéireas sásúil ar cheartas a thabhairt d'íospartaigh. Tríd na daoine go léir atá buailte ag coireacht a thabhairt le chéile cruthaítear deiseanna chun tuiscint, freagairt, deisiú agus torthaí córa a bhaint amach i dteannta a chéile."***
>
> ***Emily Sheary, Bainisteoir ag 'Restorative Justice in the Community'***

I rith 2022, lean Ceartas Aisiríoch sa Phobal (CAP) ar aghaidh ag soláthar sheirbhís ceartais aisiríoch um chiontaí pobalbhunaithe agus d'éascaigh sé cruinnithe aisiríoch ina raibh íospartaigh agus ciontóirí páirteach. D'oibrigh CAP freisin chun ceangail a fhorbairt le Breithiúna atreoraithe nua agus Foirne Seirbhíse Promhaidh.

I rith na bliana, bhí ról ag CAP freisin i bplé an Tascfhórsa Ardleibhéil ar dhúshláin Meabhairshláinte agus Andúile a bhíonn ag daoine a idirghníomhaíonn leis an gcóras ceartais choiriúil. Tríd an bplé sin, d'fhorbair CAP togra píolótach um thionscnamh ceartais aisiríoch i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána. Tá maoiniú faighte ag CAP don togra píolótach agus tá sé ag súil le tús a chur leis an tionscadal sa bhliain 2023. Tá súil ag CAP gur féidir, leis an togra píolótach, deiseanna breise a léiriú don cheartas aisiríoch laistigh den phróiseas ceartais choiriúil.

# Straitéis ‘Ag Obair i dtreo Athraithe’ - Ag Tacú le Fiontraíocht Shóisialta trí Chiste na gCuntas Díomhaoin um Kickstart

I mí an Mheithimh, bronnadh maoiniú os cionn €1m san iomlán ó Chiste na gCuntas Díomhaoin um Kickstart ar 25 fiontar shóisialta ar fud na tíre – ó Mhaigh Eo go Loch Garman agus ó Chorcaigh go Liatroim. Úsáidtear an maoiniú sin chun tacú le fiontair shóisialta a sholáthraíonn oiliúint agus fostaíocht do dhaoine ag a bhfuil taithí ar cheartas choiriúil agus é mar aidhm athchiontú a laghdú agus sábháilteacht pobail a fheabhsú.

I measc na bhfaighteoirí a fuair maoiniú bhí ‘Sailing into Wellness’ , tionscadal ar fud na tíre, a oibríonn, trí mheán na seoltóireachta, le rannpháirtithe chun cabhrú le raon leathan dá gcuid scileanna a thabhairt isteach agus a fheabhsú lena n-áirítear obair foirne, ceannaireacht, cinnteoireacht, dianseasmhacht agus meicníocht déileála.

Tá Sailing into Wellness ag baint úsáide as a mhaoiniú Kickstart chun cabhrú le maoiniú páirteach a chur ar fáil le Bainisteoir Forbartha Gnó



Sheol an tAire Heather Humphreys TD, an tAire Stáit, Joe O’Brien TD, an tAire Jack Chambers TD agus an tAire Anne Rabbitte TD Plean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin 2023 i mí na Samhna in Ionad Eachaí Ghort na Silíní.

a fhostú atá freagrach as an eagraíocht a fhorbairt agus a ioncam trádáilte a mhéadú. Faoi láthair tá duine amháin fostaithe aige ar a bhfuil taithí ar an gceartas coiriúil. Tá an tionscadal ag díriú freisin ar dhá phost breise a chruthú do dhaoine ag a bhfuil stair de chiontú.

# Baic ar an Oideachas a Bhriseadh tríd an Scoláireacht KickStart

Freisin i mí an Mheithimh chuaigh Scoláireacht KickStart, scoláireacht cheannródaíoch tríú leibhéil do dhaoine ag a bhfuil ciontuithe coiriúla beo. Forbraíodh an scoláireacht nua sin a bhunaigh an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun tacú le daoine ag a bhfuil taithí ar an gceartas coiriúil agus a mbíonn dúshláin airgeadais acu maidir le rochtain a fháil ar an Ardoideachas.

Comhlíonann na scoláireachtaí KickStart cuspóir straitéiseach sa Straitéis ‘Obair i dtreo an Athraithe’ um Fhiontraíocht Shóisialta agus Fhostaíocht 2021-2023 de chuid an Roinn Dlí agus Cirt. Tá comhordú na scoláireachta stiúrtha ag Ollscoil Mhá Nuad atá ag obair i gcomhpháirt le 3 hinstitiúid eile - Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, an tIarthar Láir, Campas Bhaile Átha Luain (Braisle1 MEND).

Ag deireadh 2022, leithdháileadh 8 scoláireacht faoi scéim KickStart, 2 in aghaidh gach Institiúid Ardoideachais, mar seo a leanas:

- Scoláireacht amháin de €5,000 in aghaidh na bliana don staidéar fochéime d’uasmhéid de €20,000 i gcaitheamh 4 bliana le haghaidh cúrsa lánaimseartha, nó 6 bliana le haghaidh cúrsa pháirtaimseartha.
- Scoláireacht amháin de €1,250 in aghaidh gach bliana den staidéar fochéime d’uasmhéid de €5,000 i gcaitheamh 4 bliana le haghaidh cúrsa lánaimseartha, nó 6 bliana le haghaidh cúrsa pháirtaimseartha.

Agus an scoláireacht á seoladh, dúirt an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee, TD,

> ***"Tá an-áthas orm bheith in ann tacú leis an tionscnamh tábhachtach nua seo arb é atá i gceist leis dara seans a thabhairt do dhaoine agus daoine a chumhachtú atá ag iarraidh a saol a fheabhsú. Is eol dúinn cé chomh cumhachtach is atá an t-oideachas ó thaobh acmhainn a chomhlíonadh, muinín a chothú agus baic a bhriseadh agus is é atá i gceist leis an tionscnamh nua seo ná comhdheis a chinntiú dóibh siúd a d'fhéadfadh go ndearna siad botúin san am atá thart ach ar mian leo saol níos fearr a chruthú.***



Aire Dlí agus Cirt, Helen McEntee, TD le foireann na Seirbhíse Promhaidh le linn a cuairte go Margadh an Fhéir i mí Aibreáin.

# Ár nDoirse a Oscailt Arís

Ós rud é gur cuireadh deireadh le srianta COVID-19 ag tús 2022, bhí an-áthas ar an tSeirbhís a cuid doirse a oscailte arís do chuairteoirí, chomhpháirtithe agus chomhghleacaithe ón earnáil go léir. I dteannta le tús a chur arís le sceideal gnóthach d'imeachtaí, d'éascaigh an tSeirbhís roinnt cuairteanna ó oifigigh lárnacha ar fud na hearnála.

I measc buaicphointí bhí:

## Cuairt ag an Aire Dlí agus Cuairt, Helen McEntee, TD

I mí Aibreáin, thug an tAire McEntee cuairt ar Ceanncheathrú na Seirbhíse Promhaidh chun bualadh leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus le comhghleacaithe tús líne. Leis an gcuairt tugadh deis tuairisc a thabhairt don Aire faoi thosaíochtaí agus fhorbairtí reatha, lena n-áirítear an struchtúr nua bainistíochta, an t-athbhreithniú leanúnach ar sheirbhís phobail, obair i dtaobh dul i ngleic le foréigean ag céile dlúthchaidrimh agus Creat Promhaidh na hÉireann. Freisin bhí cruinniú ag a Aire le comhaltaí den Mheitheal Oibre ar Straitéis na mBan chun a gcuid oibre a phlé.

## Cuairt ag an Aire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt, James Browne, TD

I mí Dheireadh Fómhair, thug an tAire Browne cuairt ar an tSeirbhís chun bualadh le comhghleacaithe agus leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Leagadh béim leis an gcuairt ar Cheartas i leith an Aosa Óig agus bhuail an tAire le go leor ball den Fhoireann YPP agus le hionadaithe ó thrí heagraíocht phobalbhunaithe atá dírithe ar an aos óg; Deonach, We Have a Dream (WHAD) agus Tionscadal Ionad Loch Garman.

## Cuairt ag an Ard-Rúnaí Oonagh McPhillips

I mí an Mheithimh thug an tArd-Rúnaí cuairt ar Haymarket chun bualadh le Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin na Seirbhíse a bhí nua-cheaptha agus chun tosaíochtaí straitéiseacha leanúnacha in earnáil an Cheartais a phlé. Gné thábhachtach den chuairt ab iad cruinnithe neamhfhoirmiúla le comhghleacaithe san oifig agus ghabh an tArd-Rúnaí buíochas leis an bhfoireann as a

gcuid oibre agus díograise le linn thréimhse dhúshlánach na paindéime. Chuimsigh an chuairt freisin cruinniú le baill den Mheitheal Oibre ar Fhoréigean ag Céile Dlúthchaidrimh, agus ina dhiaidh sin plé comhchomhairle le trí heagraíocht phobalbhunaithe; Iontaobhas Pobail Candle, SAOL agus Treo, Port Láirge.

### Cuairt ag Ionadaithe ar Choiste Ceartais Shinn Féin

I mí Aibreáin, bhí áthas ar an tSeirbhís freastal ar iarratas ag na Teachtaí Dálaí Pa Daly, TD, agus Martin Kenny, TD, ar chruinniú le baill den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Bhí an bheirt teachtaí dála ar an gCoiste Ceartais ag an am agus ba mhian leo forléargas a fháil ar obair na Seirbhíse agus ar a cuid tosaíochtaí straitéiseacha lárnacha. I measc réimsí plé níos leithne bhí ceart aisiríoch, athchiontú a láimhseáil agus obair eagraíochtaí pobalbhunaithe.

## Comhoibriú le PBNI – Cur Chuige Uile-Oileáin i dtreo Sábháilteachta Pobail

*"Tá áthas orm gur leanadh ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht idir Bord Promhaidh Thuaisceart Éireann (Probation Board of Northern Ireland/PBNI) i rith 2022 agus béim láidir curtha ar roinnt eolais, ar chomhthionscnaimh oiliúna agus ar phleanáil straitéiseach chomhoibritheach. Is eol dúinn go laghdófar an choireacht trí chomhar méadaithe agus go laghdófar athchiontú ar fud oileán na hÉireann ionas go gcoimeádfar gach pobal níos sábháilte. Tá go leor oibre déanta i réimse an fhoréigin inscnebhunaithe, na coireachta fuatha agus tacaí d'íospartaigh, réimsí comhleasa iad sin a dtabharfar tosaíocht dóibh fós amach anseo."*

*Amanda Stewart, Príomhfheidhmeannach an Probation Board for Northern Ireland (PBNI)(PBNI)*

Lean an tSeirbhís Phromhaidh ar aghaidh lena dlúthchaidreamh oibre le comhghleacaithe i PBNI agus ghlac sé páirt i dtionscnaimh chomhleasa éagsúla roinnte. I measc buaicphointí lárnacha sa bhliain 2022 bhí:

### Roinnt Eolais:

Shínigh an tSeirbhís dhá phrótacal ar leithligh um roinnt eolais le PBNI a bhí dírithe ar thacú le comhar trasteorann leantach agus gealltanas na dá heagraíochta a dhearbhú chun cloí leis an reachtaíocht ar chosaint sonraí sna hionaid faoi seach. Bhain an chéad phrótacal le roinnt shábháilte agus rúnda eolais chun Tuairiscí Réamhbhreithe faoi shainordú na cúirte a ullmhú. Bhain an dara prótacal leis an malartú eolais atá riachtanach chun maoirseacht agus bainistíocht a chomhordú agus a neartú maidir le daoine a chiontaítear i gciontaí gnéis agus iad siúd a fhaightear le measúnú go bhfuil baol mór díobhála sa phobal ag gabháil leo.

### An Grúpa Comhairleach ar Chosaint an Phobail:

Coiste é an Grúpa Comhairleach ar Chosaint an Phobail (GCCP), a thógann le chéile ionadaithe sinsearacha ar aonaid póilíní, príosúin, promhaidh agus pholasaí ceartais choiriúil ó thuaisceart agus dheisceart na hÉireann. In 2022, rinneadh dul chun cinn mór i dtaobh an phlean oibre.

### Seimineár Thuaidh/Theas ar Choireacht Fuatha

I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil an tSeirbhís Phromhaidh seimineár ar Choireacht Fuatha i gcomhar le PBNI. Sa seimineár, rinneadh iniúchadh ar fhréamhacha struchtúracha, dhinimic agus thionchar na Coireachta Fuatha agus é dírithe ar idirphlé uile-oileáin a fhorbairt maidir leis an tsaincheist sin. Tugadh cuireadh do chleachtóiri ó PBNI agus ón tSeirbhís Phromhaidh páirt a ghlacadh sa deis roinnte foghlama sin, ina raibh ról ag scoláirí mór le rá ó Ollscoil Luimneach, Ollscoil Mhá Nuad agus Ollscoil Uladh.

### 13ú Seimineár Bliantúil an GCCP

I mí na Samhna, d'óstáil an tSeirbhís Phromhaidh 13ú Seimineár an GCCP i Haymarket, an chéad uair le trí bliana a reáchtáladh an Seimineár sin i bpearsa. Mar aitheantas don bhealach oibre measctha nua agus chun rannpháirtíocht mhéadaithe ag foireann tús líne a éascú, cuireadh an seimineár ar fáil i bhformáid hibrideach den chéad uair, agus eisíodh nasc srutha bheo le haghaidh gach ceann de na sé ghníomhaireacht GCCP a bhí rannpháirteach.

Ba é téama an tseimineáir 'Seirbhís túslíne ardchaighdeáin a Sholáthar' a roghnaíodh toisc go bhfuil sé ábhartha do gach gníomhaireacht ceartais agus iad ag teacht ar ais ó phaindéim COVID-19 a bhí thar a bheith dúshlánach. Thug an seimineár deis do chomhghleacaithe machnamh a dhéanamh ar an méid a bhí foghlamtha acu i dteannta a chéile agus chuimsigh sé láithreachais ar ábhair éagsúla a chuimsigh gainneáil ar dhaoine, riachtanais an-chasta cliant a láimhseáil, daoine óga faoi choimeád agus comhpháirtíocht le pobail. Níos tábhachtaí ná aon rud eile, thug an seimineár deis ar cuireadh fáilte roimhe do chomhghleacaithe, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, líonrú in aon seomra amháin arís agus páirt a ghlacadh i réimsí comhleasa agus comhimní.

## Tús a Chur le Ré Nua um Iris Phromhaidh na hÉireann

"Pribhléid cheart ab ea í teacht a bheith agam ar thuairimí daoine. Féadann ról an eagarthóra bheith fiafraitheach ar go leor bealaí, mar sin ba phribhléid dom i gcónaí gur chuir daoine fáilte roimh m'ionchur.

Dúirt Ursula gur fianaise í an IPJ ar obair na Seirbhíse Promhaidh agus an Probation Board for Northern Ireland (PBNI). "Léiríonn sé gealltanas na Seirbhíse chun cleachtais fianaise-bunaithe agus foghlama roinnt agus sampla an-dearfach agus marthanach é ar chomhar uile-oileáin maidir le saincheisteanna ceartais choiriúil mar a samhlaíodh tar éis Chomhaontú Síochána 1998".

Sheol an tSeirbhís Phromhaidh agus PBNI an 19ú eagráin d'Iris Phromhaidh na hÉireann ag Seimineár bliantúil an Ghrúpa Chomhairligh ar Chosaint an Phobail (GCCP), a reáchtáladh i gCeanncheathrú na Seirbhíse Promhaidh i mí na Samhna 2022.

Áiríodh leis na téamaí sa 19ú eagrán ciontú ag daoine óga, aistriú ó choimeád, comhoibriú, stadadh, cleachtas aisiríoch, foréigean teaghlaigh nach bhfuil breith tugtha in leith, agus gainneáil ar dhaoine.

*Ó thaobh na léitheoirí, tá saothair taighde agus acadúla ag teastáil ó dhaoine, ach freisin is mian dóibh fios a bheith acu cad atá ar siúl ar an talamh. Is mian leo fios a bheith acu cén chaoi a bhfuil an taighde á chur i bhfeidhm. Sin an fáth go bhfuil an iris chomh tábhachtach – druideann sí an bhearna idir an taighde agus an cleachtas."*

*Bhí Ursula Fernée, Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta an Aonaid um Cheartas Aisiríoch agus Sheirbhísí Íospartach, ina comheagarthóir ar Iris Phromhaidh na hÉireann (Irish Probation Journal/IPJ) ar feadh cúig bliana, agus chríochnaigh sí mar eagarthóir sa bhliain 2022 tar éis gur foilsíodh 19ú eagrán na hIrise.*

Reáchtáladh an cheardlann 'Scríobh um Fhoilsiú' arís i mí Eanáir 2022. Sa cheardlann bhliantúil, a thugann baill den choiste eagarthóireachta, tógtar le chéile údair reatha agus fhéideartha chun an próiseas scríbhneoireachta a iniúchadh ó smaoineamh tosaigh an údair go forbairt an téama go táirgeadh an pháipéir dheireanaigh.

Spreag Ursula baill foirne chun ról a ghlacadh san IPJ, agus í ag rá "deis é le tacú le forbairt ghairme agus eispéiris ar chleachtas a roinnt – idir dea-eispéiris, drocheispéiris agus eispéiris thar a bheith deacair. Baineann na cleachtóirí féin leas as léamh faoi thionscnaimh agus thaighde a dtugann comhghleacaithe fúthu ní hamháin in Éirinn ach san Eoraip agus níos faide anonn".

### Aird ar Alt

Ronan McLoughlin, Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta do Phromhadh an Aosa Óig, ag labhairt faoin alt san IPJ Car Crime: A Young Man's Game le Ashling Golden ó SOLAS:

"Iniúchadh géarchúiseach é seo ar ábhar imní forleathan atá ag dul i méid i réimse an Cheartais Óig. I saothar Ashling moltar tuiscint níos fearr ar choireacht gluaisteáin; agus moltar freisin machnamh a dhéanamh ar a bunúis i gcaidrimh, tionchair chultúrtha, céimeanna forbartha, agus turas daoine óga agus iad ag iarraidh glactha agus féiniúlachta. Cuireann Promhadh an Aosa Óig fáilte roimh dhoimhniú na tuisceana i réimse an choireacht gluaisteán agus ar an ngá freagairt ar bhealaí a léiríonn sin."

## Ceangail a Fhorbairt ar fud na hEorpa agus Níos Faide Anonn

In 2022, chríochnaigh Gerry McNally, Stiúrthóir Cúnta na Seirbhíse Promhaidh, uachtaránacht sé-bliana ar Chónaidhm Phromhaidh na hEorpa (Confederation of European Probation/CEP). Le linn a thréimhse mar Uachtarán, bhí ról ríthábhachtach ag Gerry ó thaobh aird a dhíriú ar an tSeirbhís Phromhaidh agus caidrimh a neartú le comhpháirtithe agus seirbhísí eile ar fud na hEorpa.

Ag labhairt dó faoina phost mar Uachtarán CEO, dúirt Gerry,

"Ba onóir agus ba phribhléid dom seirbheáil mar Uachtarán Chónaidhm Phromhaidh na hEorpa (CEP) idir 2016 agus 2022, agus ról a ghlacadh i mBord agus in obair CEP. Le linn mo thréimhse ann, bhí CEP chun tosaigh i bhforbairt idirghabhálacha agus sheirbhísí ceartais choiriúil sa phobal in Eoraip, agus ar fud an domhain. Cheiliúir CEP 40 bliain ar an bhfód sa bhliain 2021 agus táim cinnte go mbeidh CEP ina líonra agus ina thaca láidir i gcónaí dá chuid ball agus ndéanfaidh sé ionadaíocht ar phromhadh san Eoraip."

## Comhdháil ar Fhaireachán Leictreonach

I mí Bhealtaine, reáchtáil an CEP an 12ú comhdháil Eorpach ar Fhaireachán Leictreonach san Fhionlainn. D'fhreastail nach mór 230 rannpháirtí as 36 dhlínse ar fud an domhain ar an imeacht. I measc ábhair na láithreachas bhí cur chuige na Fionlainne i dtreo an fhaireacháin leictreonaigh, agus úsáid eiticiúil an fhaireachán leictreonaigh.

## Comhdháil Bhliantúil an Líonra Eorpaigh um Oibriú le Déantóirí Coire

Thug Carmel Donnelly, Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta, an óráid oscailte ag an gComhdháil Bhliantúil ar Obair le Déantóirí Coire (WWP-EN) Ba é téama na comhdhála From Harm to Hope: Youth Interventions against Domestic Abuse (Ó Dhíobháil go Dóchas: Idirghabhálacha don Aos Óg in aghaidh Drochíde sa Teaghlach).

Ina hóráid, d'aithin Carmel an ról tábhachtach a ghlacann Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, go háirithe MOVE Ireland agus an Men's Development Network. Dúirt go gcuireann na ENRanna "le freagairt chomhordaithe ag an bpobal ar dhrochíde sa teaghlach sa tír seo, freagairt ina gcuirtear an t-íospartach ag an gcroílár."

"Tá an tSeirbhís Phromhaidh ag comhoibriú le ENRanna den sórt sin le fada an lá. Leagaimid luach ar bhealaí idirnasctha le déantóirí coire a thabhairt chun cuntais agus tacaíocht á tabhairt dóibh le hathrú."

Gerry McNally, Stiúrthóir Cúnta agus Uachtarán CEP ag Oscailt na Comhdhála Domhanda maidir le Promhadh agus Parúl in Ottawa i mí Mheán Fómhair.



## 14ú Comhthionól Ginearálta CEP agus an Chomhdháil maidir le Cearta Daonna agus Eitic i ndáil le Promhadh

Reáchtáladh 14ú Comhthionól Ginearálta an CEP i Dubrovnik, an Chróit, i nDeireadh Fómhair. Thug Gerry McNally a óráid dheireanach mar Uachtarán CEP agus d'fhág sé cúram as an bpost le Annie Devos as an mBeilg.

D'fhreastail rannpháirtithe as 35 thír ar sheisiúin iomlánacha agus ar cheardlanna ar ábhair mar Eitic agus Ceartas Sóisialta, cleachtóirí leochaileacha, tacaíocht shíceolaíoch i bpromhadh, agus bainistíocht éagsúlachta.

## Tionscadal CoPPer

D'oibrigh an tSeirbhís Phromhaidh i gcomhpháirt le CoPPER – the Cooperation to Promote a European Volunteering Programme in Probation Services (An Comhar chun Clár Eorpach don Saorálaíocht a Chur chun Cinn i Seirbhísí Promhaidh). Tionscadal is ea CoPPer arb é an aidhm atá i gceist leis samhaltacha sóisialta a chruthú agus a fheabhsú a thacaíonn le luachanna aontachta agus dlúthpháirtíochta na hEorpa.

Tá sé beartaithe leis an tionscadal oiliúint a chur ar shaorálaithe sa phobal chun tacaíocht, comhairle agus treoir neamhfhoirmiúil a chur ar fáil do dhaoine atá faoi réir promhaidh. Féadann siad gníomhú mar chéim ar an aistear i dtreo athimeascadh cliant trí hiad a spreagadh chun iompraíocht a athrú, cabhrú leo lena gcuid cumas a fheabhsú, rochtain a fháil ar dheiseanna oideachais aosaigh, post a lorg, nó samhail próshóisialta a léiriú.

Cuireadh tús leis an tionscadal CoPPer ar an 1 Nollaig 2022 agus rithfear é go dtí an 1 Nollaig 2025.

## An Chomhdháil Dhomhanda ar Phromhadh & Pharúl:

D'fhreastail an Stiúrthóir, Mark Wilson, agus an Leas-Stiúrthóir, Una Doyle ar an gCúigiú Comhdháil Dhomhanda ar Phromhadh agus Pharúl "No One Left behind: Building Community Capacity" a reáchtáladh in Ottawa, Ceanada, ón 28 Meán Fómhair go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2022.

Tháinig gairmithe agus scoláirí mór le rá as gach cearn den domhan le chéile don 5ú Comhdháil Dhomhanda ar Phromhadh agus Pharúl in Ottawa, agus d'fhreastail 320 toscaire agus rannpháirtí as níos mó ná 30 tír. Le téama na comhdhála, No One Left Behind, leagadh béim ar an gcomhdháil roinnte chun freastal ar ghrúpaí imeallaithe daoine agus iad a chur ag croílár na hoibre ag údaráis phromhaidh agus pharúil.

Thug Gerry McNally, Stiúrthóir Cúnta na Seirbhíse Promhaidh agus Uachtarán CEP, tráchta oscailte ag an gcomhdháil, agus thug sé láithreachas comhchomhairle ar Chóras na hÉireann agus Bhunúis an Pharóil. Chuimsigh an chomhdháil óráidí agus ceardlanna inar pléadh le déileáil le daoine a chiontaigh agus atá faoi réir mhaoirseacht promhaidh agus iad a athshlánú, cearta daonna a urramú agus a chosaint, agus oibriú ar son sochaí níos sábháilte agus níos fearr do chách.




Fíona Ní Chinnéide, Stiúrthóir Oibríochtaí (Príosúnaigh agus Athimeascadh) ag an tSeirbhís Promhaidh agus Stephen Hamilton Stiúrthóir Oibríochtaí ag PBNI le cainteoirí ó Sheimineár na Coireachta Fuatha Thuaidh-Theas a reáchtáladh i Margadh an Fhéir i mí na Samhna.



Una Doyle, Stiúrthóir an Chleachtais Éifeachtaigh leis an acadóir iomráiteach James Bonta ag an gComhdháil Dhomhanda maidir le Promhadh agus Parúl in Ottawa i mí Mheán Fómhair.




Olivia Keaveney, Stiúrthóir Oibríochtaí (Cúirteanna agus Pobal) lena comhghleacaithe ó CoPPer ag an seoladh i mí na Nollag in Utrecht.



Oonagh McPhillips, Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt ag bualadh le foireann na Seirbhíse Promhaidh le linn a cuairte go Margadh an Fhéir i mí an Mheithimh.




Michelle Richardson, Príomh-Oifigeach Cúnta Promhaidh ag labhairt mar MC ag an 13ú Seimineár Bliantúil PPAG i Margadh an Fhéir i mí na Samhna.

3

Crann Taca 3

# An Cuimsiú á Chur Chun Cinn

# Ag Obair le Mná

## Lá Idirnáisiúnta na mBan (Mí an Mhárta)

Dáta tábhachtach i bhféilire na Seirbhíse Promhaidh é Lá Idirnáisiúnta na mBan. Tugann sé deis éachtaí ban a cheiliúradh, go háirithe mná sa chóras ceartais choiriúil atá ag ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sóisialta agus phearsanta éagsúla le hathruithe dearfacha a dhéanamh ina saol. Don tSeirbhís Promhaidh, "is cuid lárnach dár gcuid oibre le mná é caidreamh láidir, measúil agus cumasach a bhunú" – Fíona Ní Chinnéide, Stiúrthóir Oibríochtaí (Príosúnaigh agus Ath-imeascadh).

Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan 2022, rinne an tSeirbhís Promhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann seimineár gréasáin dar teideal Investing in Knowledge to 'Break the Bias' a óstáil, Áiríodh leis an seimineár gréasáin ionchur beo ó mhná atá faoi choimeád i bPríosún Luimnigh. Dúirt Helen, Príosún Luimnigh,

> "Ní hé an duine céanna mé. Ceapaim gur athraigh an phríosún agus mo chuid oideachais chun feabhais mé agus táim ag súil le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh".

## Buaileann Grúpa Straitéise na mBan leis an Aire McEntee (mí Aibreáin)

Bhuail an tAire McEntee le Grúpa Straitéise na mBan i mí Aibreáin. Sholáthair an Grúpa forléargas ar obair na Seirbhíse le mná, go háirithe maidir le freagairt an phobail ar chiontú ban, saincheisteanna faoi easpa dídine, agus rannpháirtíocht leis an gComhairle Bhreithiúnach.

## Meastóireachtaí ar Tús Nua agus Outlook

Tá an tSeirbhís Promhaidh an-eolach faoi na dúshláin a bhíonn roimh na mná a dhéanann cionta. Ag deireadh 2022, cuireadh tús le meastóireachtaí ar Tús Nua agus Outlook.

Oibríonn Tús Nua, arna bhainistiú ag De Paul Ireland, go dlúth leis an tSeirbhís Promhaidh agus le Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun tacú le banchiontóirí a ath-imeascadh sa phobal nuair a scaoiltear saor ó choimeád iad agus soláthraíonn sé lóistín do 15 bhean.

Soláthraítear leis an gClár Outlook, a reáchtáiltear i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Promhaidh agus atá á bhainistiú ag Focus Ireland, cóiríocht agus tacaíochtaí struchtúrtha pobail do mhná a fhágann an príosún nó ar Mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh.

## 25ú Comhdháil Bhliantúil ACJRD

I mí Dheireadh Fómhair, thionóil an Comhlachas um Thaighde agus Forbairt an Cheartais Choiriúil (ACJRD) a chomhdháil bhliantúil. Díríodh sa bhliain 2022 ar 'Teagmhálacha Inscne sa Chóras Ceartais Coiriúil: Conas a Imríonn Inscne Tionchar ar Eispéiris Éagsúla?'

Rinne Ursula Fernée, an Príomhoifigeach Cúnta Promhaidh, cur i láthair ar*'Recognition and Responsivity: Adapting the Lens for the Supervision of Women in the Community'*.

## Oiliúint 'Seeking Safety'

I mí na Samhna, d'óstáil Grúpa Straitéise na mBan, i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann Foghlama agus Forbartha agus comhghleacaithe i dTionscadal Saol, oiliúint ar 'Seeking Safety – Treatment Manual for Post-Traumatic Stress Disorder and Substains Abuse'. Ba í an t-údar, Lisa Najavits PhD, Ollamh le Síciatracht i Scoil Leighis Ollscoil Boston, a sholáthair an oiliúint.

Tacaíonn an oiliúint sin le gealltanais na Seirbhíse Promhaidh a sainaithníodh sa tuarascáil 'Towards

a best Practice approach to Working with Women' (Meitheamh 2021) chomh maith le gealltanais agus tograí ar tagraíodh dóibh agus ar formhuiníodh iad san 'Athbhreithniú ar Roghanna Beartais le haghaidh Príosúin agus Athchóirithe Pionóis 2022 -2024'.

## Ár gCuid Oibre le Daoine Óga

In 2022, cheiliúir Promhadh Daoine Óga 15 bliana ag obair le cuid de na daoine óga is leochailí sa tír. Ag imeacht i bPort Laoise i mí Mheán Fómhair tháinig oifigigh phromhaidh ag a raibh saineolas sa réimse sin le chéile chun an gharsprioc 15 bliana seo a chomóradh agus chun an obair thábhachtach a dhéanann siad a thaispeáint.

Dhírigh Bernadette Hickey, Oifigeach Promhaidh agus Jade O'Neill, Oifigeach Cléireachais ar YJARC – Freagairt Chomhghníomhaireachta na hÓige ar Choireacht agus chuir siad cás-staidéar i láthair a bhí dírithe ar fhear óg as Baile Átha Cliath – 'Cliant A'. Tugtar chun suntais i scéal Chliant A an chastacht agus rath féideartha a bhaineann leis an gcur chuige sin maidir le ciontú leanúnach.

Atreoraíodh Cliant A chuig an tSeirbhís Promhaidh den chéad uair ag deireadh 2017 nuair a bhí sé 16 bliana d'aois agus é ar athchur ag Campas Coinneála Bhaile an Oibricigh. I measc a chiontuithe bhí gadaíocht, ionsaí agus damáiste coiriúil agus gearradh pianbhreith 12 mhí maoirseachta air ar deireadh. Cinneadh go raibh sé ina iarrthóir oiriúnach don YJARC toisc go raibh aird na nGardaí sa cheantar áitiúil á tarraingt air go seasta. Le linn a thréimhse maoirseachta laghdaigh an baol go ndéanfadh sé cion.

Ansin, sa bhliain 2018, tugadh tréimhse mhaoirseachta 12 mhí eile do Chliant A maidir le gadaíocht a rinneadh sa bhliain 2017. Mhéadaigh a chiontú agus gearradh pianbhreith choimeádta 2 bhliain agus 2 mhí air i mí na Nollag 2020. Ordaíodh tréimhse mhaoirseachta iarscaoilte 12 mhí freisin.

Lean foireann YJARC ag obair ar chás Chliant A, rinneadh atreoruithe dó chuig eagraíochtaí pobalbhunaithe a oibríonn le daoine óga agus tugadh tacaíocht dá theaghlach freisin. Nuair a bhí sé faoi choimeád, thacaigh an tSeirbhís Promhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann le Cliant A. Tá sé fós ar YJARC agus tá laghdú suntasach tagtha ar a iompar ciontaithe.

Daoine óga ag glacadh páirt i gclár gníomhaíochtaí allamuigh le Tionscadal Pobal-Bhunaithe, WHAD.



### Buaicphointí YPP sa bhliain 2022:

- Cuireadh tús le forbairt fhreagairt na Seirbhíse Promhaidh ar choireacht scine
- Tugadh 3 oifigeach promhaidh ar iasacht lá amháin sa tseachtain chun oibriú leis an gClár Náisiúnta Coiscthe Idirghníomhaireachta (NIAPP) i gcás ina ndéanann siad cláir chóireála do dhaoine óga a bhfuil iompar gnéasach díobhálach léirithe acu nó a rinne ciontú gnéis a chomhéascú.
- Mhaoinigh an tSeirbhís Promhaidh tionscadail phobail Le Chéile agus chomhéascaigh Céim ar Chéim a oiliúint comhdhála um Ceartas Aisiríoch do gach oifigeach promhaidh a bhíonn ag obair le daoine óga.
- D'éascaigh YPP roinnt Comhdhálacha Teaghlaigh. Cruinniú is ea é sin a ordaíonn an chúirt leis an duine óg, baill dá dteaghlach, an t-íospartach nó íospartaigh agus daoine ábhartha eile chun plean a fhorbairt chun athchiontú a chosc agus aon dochar a rinneadh a chur ina cheart.
- Rinneadh athbhreithniú ar Bheartas um Chosaint Leanaí na Seirbhíse Promhaidh

In 2022, fuair an tSeirbhís Promhaidh 702 atreorú cúirte do dhaoine óga. Nuair a fhaightear an t-atreorú, ullmhaíonn an tSeirbhís Promhaidh tuarascálacha mionsonraithe um promhadh agus cuireann siad moltaí faoi bhráid na cúirte. In 2022, fuair an tSeirbhís 665 atreorú le haghaidh Tuarascálacha Promhaidh.

Ag teacht le héiteas Acht na Leanaí 2001, tugtar an deis do gach leanbh/duine óg a n-oibríonn an tSeirbhís Promhaidh leo bheith rannpháirtíocht ar an leibhéal is ísle idirghabhála agus is féidir chun iad féin agus an pobal a choinneáil sábháilte. Is beart na rogha deireanaí í coinneáil.

In 2022, fuair 9 nduine óg ordú coinneála agus maoirseachta. Tá daoine óga faoi choinneáil ag Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh, áit a n-oibríonn oifigigh phromhaidh leo le linn a dtréimhse faoi choinneáil. Oibríonn oifigigh freisin leis na daoine óga sin agus tugann siad tacaíocht dóibh nuair a fhilleann siad ar an bpobal. Déanann Baile an Oibricigh agus an tSeirbhís Promhaidh aon daoine óga faoi choinneáil a d'fhéadfadh leas a bhaint as filleadh luath ar an bpobal a shainaithint go réamhghníomhach. Bhain roinnt daoine óga leas as filleadh go luath sa bhliain 2022.

# Ag obair leis an bPobal Taistealaithe

***"Ba bhliain eile í 2022 de chomhoibriú agus de chomhpháirtíocht dhaingean idir TJI agus an tSeirbhís Promhaidh. Tá forbairtí agus torthaí dearfacha feicthe againn, go háirithe an tiomantas do sheirbhís atá inniúil ó thaobh an chultúir de a sholáthar lena gcuirfear feabhas, dar linn, ar thorthaí do Thaistealaithe. Táimid ag tnúth le leanúint le comhoibriú dlúth leis an tSeirbhís Promhaidh sa bhliain 2023."***

***Anne Costello, Comhordaitheoir an Tionscnaimh Ceartais do Thaistealaithe (TJI)***

In 2022, d'oibrigh an tSeirbhís Promhaidh ar roinnt tionscnaimh thábhachtacha a bhí dírithe ar feabhas a chur ar thorthaí a fheabhsú do bhaill an phobail Taistealaithe atá bainteach leis an gcóras ceartais choiriúil.

### Treoirlínte maidir le Cleachtas Monatóireachta ar Chomhionannas Eitneach (EEM)

Seoladh na Treoirlínte maidir le Cleachtas Monatóireachta ar Chomhionannas Eitneach (EEM) don fhoireann sa tSeirbhís Promhaidh sa bhliain 2022.

Is é EEM an próiseas chun sonraí ó chliaint a bhaineann lena mbunadh eitneach a bhailiú, a thaifeadadh agus a anailísiú. Cuidíonn EEM a shainaithint agus a thomhas an bhfuil seirbhís ag freagairt go cothrom do gach duine agus cinntítear leis go bhfuil seirbhís ag freastal ar riachtanais daonra éagsúil lena n-áirítear mionlaigh eitneacha.

D'oibrigh an tSeirbhís Promhaidh le TJI agus Pavee Point chun Treoirlínte maidir le Cleachtas EEM a fhorbairt chun tacú leis an bhfoireann túslíne sonraí eitneacha a bhailiú agus chun tuiscint ar chur chuige a chomhlíonann cearta an duine maidir le monatóireacht ar chomhionannas eitneach a chinntiú.

D'eagraigh an tAonad Forbartha Foghlama agus Eagrúcháin oiliúint EEM chun líon suntasach ball foirne EEM a uas-sciliú, agus leanfar leis an oiliúint sin sa bhliain 2023.

## Oiliúint Foirne ar Chuimsiú Taistealaithe agus na Romach

D'fhorbair an tSeirbhís Promhaidh agus TJI gearrthóga físe gearra le Taistealaithe a bhí ina gcliaint ag an tSeirbhís chun labhairt faoina eispéireas ar an tSeirbhís, agus ar bhacainní agus ar chumasóirí ar thorthaí dearfacha. Úsáidtear na físeáin sin le haghaidh oiliúint foirne.

Chuir na cliaint béim ar a thábhachtaí atá sé gan breithiúnas a dhéanamh ar dhaoine bunaithe ar a mballraíocht sa Phobal Taistealaithe, agus díriú ar gach cliant ina aonar. Dúirt cliant amháin, "ná tabhair suas ar dhaoine. Tá an oiread sin éagsúlachta i measc na dTaistealaithe, nílimid ar fad mar a chéile. Inseoidh cuid acu roinnt bréag agus beidh súil acu go ligfear rudaí leo ach téann cuid eile acu isteach ag lorg cúnaimh i ndáiríre. Sílim go bhfuil sé tábhachtach oibriú leis an duine atá os do chomhair agus gan breithiúnas a dhéanamh bunaithe ar an méid atá déanta ag duine éigin eile san am atá thart".

Leag siad béim freisin ar mhíniú soiléir a thabhairt ar cad a tharlóidh le linn an phróisis Promhaidh. "Dá mbeinn chun comhairle a thabhairt d'oifigeach promhaidh faoi oibriú le Taistealaí, mholfainn dóibh comhrá a bheith agat leis nó léi agus insint dó nó di cad a tharlóidh. Sílim gur maith an rud dá míneodh oifigeach promhaidh don chliant – 'Níl mé ag obair i do choinne. Caithfidh mé tuairisc a dhéanamh ach táim anseo le tacú leat agus níl uaim ach an rud is fearr duitse'".

## An Chrois Dhearg

D'éascaigh an Chrois Dhearg agus an tSeirbhís Promhaidh oiliúint ar Shláinte Phobalbhunaithe agus Garchabhrach a sholáthar do Thaistealaithe i dTeach na Canálach do Thaistealaí mná a chaith seal sa phríosún. Uirlis chumhachtach is ea tacaíocht idir piaraí do dhaoine a bhfuil taithí acu ar an gcóras ceartais choiriúil do dhaoine eile atá ag streachailt le hathruithe a dhéanamh ina saol.



Comhghleacaithe ag glacadh páirt in oiliúint chomhtháite le Pavee Point maidir le hIonchuimsiú na dTaistealaithe agus na Romach.

# Promhadh, Podchraoltaí agus Meabhairshláinte Dhearfach

Ar an 10 Deireadh Fómhair 2022, rinne an tSeirbhís Promhaidh Lá Domhanda na Meabhairshláinte a cheiliúradh le himeacht speisialta – Promhadh, Podchraoltaí agus Meabhairshláinte Dearfach – in Lighthouse Cinema, Margadh na Feirme.

> ***"Bhí seisear den lucht oibre againn ar an stáitse, agus bhí eispéiris, scéalta agus scileanna éagsúla acu go léir. Ba é sin an chéad uair ar d'fhreastail mé ar imeacht a thug deis do dhaoine plé faoi shaoirse a dhéanamh ar na cásanna mar atá"***
>
> ***An Dr Sharon Lambert, Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, COC***

I bplé painéil, os comhair lucht féachana/éisteachta beo, bhí foireann podchraoltóirí aitheanta a phléann saincheisteanna meabhairshláinte go rialta ina gcuid podchraoltaí agus a phléann go minic le fadhbanna a bhaineann leis an gceartas coiriúil. I measc an lucht féachana/éisteachta bhí daoine a bhfuil taithí saoil acu, cleachtóirí ón tSeirbhís Promhaidh agus eagraíochtaí pobalbhunaithe arna maoiniú ag an tSeirbhís Promhaidh.

Labhair The Two Norries Podcast, Talking Bollox Podcast, Senator Lynn Ruane, an Dr Sharon Lambert (COC) agus Laura Cotter (Oifigeach Promhaidh Sinsearach, Oirthuaisceart) ar an bpainéal. Bhí an t-imeacht ar an gcéad cheann dá leithéid don tSeirbhís Promhaidh agus bhí an Stiúrthóir Oibríochtaí (Príosúnaigh & Athimeascadh), Fíona Ní Chinnéide, ina cathaoirleach air. Tugann deis ann do dhaoine páirt a ghlacadh agus labhairt go hoscailte faoi cheisteanna a bhaineann le meabhairshláinte agus leis an gcóras ceartais choiriúil in Éirinn.

"Caint an-forásach a bhí ann," a dúirt Terence Power ó Talking Bollox Podcast. Dúirt Timmy Long ón Two Norries "ceann de na rudaí ba mhó le foghlaim as [an imeacht] ná – go bhfuil an tSeirbhís Promhaidh ag féachaint ar réimsí mar seo mar bhuntáiste. Tá athrú ollmhór tagtha ar an gcóras ceartais choiriúil sa tír seo faoi láthair, bíodh a fhios ag daoine é nó nach mbíodh a fhios acu é". Mhol an Dr. Sharon Lambert an ócáid, ag rá gur "fíorchomhrá, íogair, léirsteanach agus greannmhar" a bhí ann.

Tógadh an t-imeacht ar thaighde a choimisiúnaigh an tSeirbhís Phromhaidh agus a rinne an Síceolaí, an Dr Christina Power. In *'Moving Forward Together: Mental Health Among Persons*

Lucht freastail na hócáide Probation, Podcasts and Positive Mental Health [Promhadh, Podchraoltaí agus Meabhairshláinte Dhearfach] sa Lighthouse Cinema i mí Mheán Fómhair.



*Supervised by the Probation Service'* breathnaíodh ar mheabhairshláinte i measc daoine atá faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh. Tugadh le fios sa staidéar go léiríonn 40% ar a laghad de dhaoine faoi mhaoirseacht promhaidh in Éirinn le siomptóim a léiríonn fadhb mheabhairshláinte amháin ar a laghad. Tá sé sin i gcomparáid le 18.5% den daonra i gcoitinne.

## Fáiltiú roimh Thuarascáil an Tascfhórsa Ardleibhéil ar Dhúshláin Mheabhairshláinte & Andúile

I mí Mheán Fómhair, chuir an tSeirbhís Promhaidh fáilte roimh fhoilsiú na tuarascála agus mholtaí an Tascfhórsa Ardleibhéil a cuireadh ar bun chun na dúshláin mheabhairshláinte agus andúile a bhaineann le daoine bhíonn baint acu leis an earnáil ceartais choiriúil a bhreithniú. Bunaíodh an tuarascáil, a d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee agus an tAire Sláinte, Stephen Donnelly lena chinntiú go bhfreastalófar ar na riachtanais chriticiúla meabhairshláinte atá ag daoine faoi choimeád, go gcuirtear cóireálacha andúile ar fáil agus go mbeidh tacaíochtaí cuí cúraim phríomhúil ar fáil nuair a scaoilfear iad.

Bhí áthas ar Stiúrthóir na Seirbhíse feidhmiú mar Chathaoirleach ar cheann de thrí fhoghrúpa a bhí cuimsithe sa tuarascáil ina scrúdaíodh saincheisteanna pobail lena n-áirítear tríd an gcúram ar a scaoileadh saor ó choimeád. Príomhchuspóir de chuid an fhoghrúpa sin ab ea a chinntiú go bhfuil go leor cosaintí agus soláthar dóthanach seirbhísí ann ionas nach aisiompóidh daoine aonair go hiompar díobhálach, rud a bhainfeadh an bonn d'iarrachtaí athshlánúcháin an duine aonair agus an Stáit.

Agus é ag labhairt faoi fhoilsiú thuarascáil an Tascfhórsa Ardleibhéil, dúirt Mark Wilson, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh,

***"Aithnítear go forleathan go mbíonn leibhéil i bhfad níos airde de dhúshláin mheabhairshláinte agus andúile ag cliaint na Seirbhíse Promhaidh agus ag na daoine a bhfuil baint acu leis an gcóras ceartais choiriúil ná mar a bhíonn ag an bpobal i gcoitinne. Tá sé ríthábhachtach mar sin go n-oibrímid le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na hiompraíochta ciontaithe má táimid chun athchiontú a chosc, chun pobail níos láidre agus níos sábháilte a chruthú agus chun coireacht a laghdú.***

Is garsprioc shuntasach don tSeirbhís é foilsiú thuarascáil an Tascfhórsa Ardleibhéil chun dul chun tosaigh maidir le réitigh a fháil ar na réimsí casta a bhaineann le meabhairshláinte san earnáil ceartais choiriúil . Ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a ghabháil leis an iliomad comhghleacaithe sa tSeirbhís Promhaidh a chuir le hobair an Tascfhórsa. Táimidme mar Sheirbhís tiomanta dá chinntiú go gcuirfear moltaí na tuarascála chun feidhme agus leanaimid le comhoibriú a dhéanamh le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta maidir leis sin."

# Ár gComhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh a Mhéadú

Ag tús mhí na Samhna, bhí lúcháir ar an tSeirbhís Promhaidh a comhpháirtíocht reatha leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a leathnú nuair a seoladh eisiúint nua staidrimh dar teideal *The Earnings Background of Probationers 2014-2020* Ba í sin an chéad anailís a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh chun scrúdú a dhéanamh ar thuilleamh agus ar thaifid fostaíochta daoine maidir ar promhadh i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne agus cuirtear léargais luachmhara ar fáil inti lena dtreoraítear an cleachtas promhaidh.

## Príomhthorthaí:

- Tá meántuilleamh seachtainiúil do phromhóirí suas le 30% níos lú ná an meántuilleamh seachtainiúil don daonra i gcoitinne.
- Níl 64% de na daoine aonair a fuair orduithe promhaidh le linn an achair ama a scrúdaíodh gníomhach sa mhargadh saothair.
- Laghdaítear an bhearna tuillimh idir promhóirí agus an daonra i gcoitinne le himeacht ama – ó 30% sa bhliain 2017 go 20% sa bhliain 2020.
- Is gnách go raibh tuilleamh seachtainiúil níos ísle ag athchiontóirí promhaidh ná iad siúd nár chiontaigh arís.
- Tuilleann mná ar promhadh trian níos lú ná fir ar promhadh. Tá an bhearna inscne sin i bhfad níos airde ná mar atá i measc an daonra i gcoitinne.

Ag labhairt dó faoi sheoladh an staidéir nua, dúirt Felix Coleman, Staitisteoir sa Staidreamh Coireachta agus Ceartais Choiriúil sa Phríomh-Oifig Staidrimh:

***"Forbraíodh na staidéir nua a bhaineann le hioncam cúlra agus fostaíocht promhóirí mar thoradh ar phróiseas rannpháirtíochta agus aiseolais lenár bpáirtithe leasmhara i réimse an cheartais. Tá éileamh láidir ann ó lucht ceaptha beartas tuiscint a fháil ar chúlra na gciontóirí agus na n-athchiontóirí d'fhonn na réitigh bheartais is fearr agus iomlánaíoch a sholáthar. Chomh maith leis na riachtanais seo bhí an Phríomh-Oifig Staidrimh ábalta a gcumas staidrimh a fhorbairt trí úsáid níos forbartha a bhaint as sonraí riaracháin arna soláthar ag ranna eile rialtais.***

***Tá dea-chaidreamh táirgiúil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh leis an tSeirbhís Promhaidh agus oibríonn sí i gcomhpháirtíocht chun cáilíocht an staidrimh a fhorbraítear maidir le daoine faoi mhaoirseacht promhaidh a athbhreithniú, a chur in iúl agus a fheabhsú. Tá sé beartaithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh leanúint le staidreamh a fhorbairt faoi dhaoine aonair a bhfuil baint acu le maoirseacht promhaidh trí nuashonruithe rialta a sholáthar dár bhfoilseacháin reatha ar ioncam agus ar fhostaíocht agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar staidreamh a bhaineann le gaol promhóirí le réimsí na sláinte, na tithíochta agus an oideachais."***

Tá tuilleadh sonraí faoin tuarascáil Cúlra Tuillimh na bPromhóirí 2014-2020 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh

# Staidreamh maidir le hAthchiontú Daoine ar Promhadh 2018

I mí na Samhna freisin, d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh a foilseachán is déanaí um Staidreamh maidir le hAthchiontú Daoine ar Promhadh a scrúdaíodh lena soláthraítear faisnéis ar an leibhéal athchiontaithe taifeadta ag daoine aonair a cuireadh faoi bhainistíocht na Seirbhíse Promhaidh. Baineann an fhaisnéis san fhoilseachán sin go príomha le daoine aonair a cuireadh faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh sa bhliain 2018.

I measc na bpríomh-bhuaicphointí ón staidéar tá:

**28%**

**In 2018, rinne níos lú ná aon trian (28%) de dhaoine aonair a fuair ordú promhaidh cion arís laistigh de bhliain i ndiaidh dóibh an t-ordú a fháil i gcomparáid le 36% do chohórt 2008.**

**Tá laghdú tagtha ar an ráta athchiontaithe 1 bhliain maidir le daoine ar promhadh idir 2016 agus 2018 ó 31% go 28%.**

**31→28%**

**2016**

**Ní dhearna os cionn 50% de chohórt 2016 cion arís laistigh de 3 bliana. Ba é 48% a bhí i gceist leis na daoine a cuireadh faoi mhaoirseacht promhaidh sa bhliain 2016 i ndiaidh tréimhse 3 bliana i gcomparáid le figiúr 55% i ndiaidh 3 bliana do chohórt 2008. Léirítear leis sin laghdú 7% ar athchiontú.**

**Tá ráta athchiontaithe trí bliana 2016 1% níos lú ná ráta athchiontaithe trí bliana 2015.**

**-1%**

**41%**

**Tá claonadh i bhfad níos láidre ann fós go ndéanfaidh daoine óga cion arís, tá baint ag 41% de dhaoine faoi 18 le teagmhais athchiontaithe i gcomparáid le 17% de dhaoine os cionn 65 bliain d'aois.**

**Ní dhearna faoi bhun dhá thrian (36%) d'fhireannaigh aosach óga (<25 bliana) cion arís i gcomparáid le níos mó ná dhá thrian (27%) de bhaineannaigh aosach óga (<25 bliana) nach ndearna cion arís.**

**36% 27%**

**2018**

**Maidir le chohórt 2018 is é an ráta foriomlán athchiontaithe fireannach 27% i gcomparáid le 26% don chohórt baineannach.**

**Is é 16% an ráta athchiontaithe dóibh siúd atá faoi mhaoirseacht Iarscaoilte do chohórt 2018. Is ionann Seirbhís Pobail agus 25% agus Maoir-seacht ar Ordú Promhaidh 33%.**

**Tarlaíonn an chuid is mó den athchiontú sna sé mhí i ndiaidh an ordaithe promhaidh. Rinne beagnach dhá thrian (68%) den athchiontú a rinne daoine ar Promhadh sa bhliain 2018 cion arís laistigh den chéad sé mhí.**

**6 Mhí**

**Bhí na leibhéil réigiúnacha athchiontaithe b'ísle sa Lár-Oirthear (21%), ina gcuimsítear contae Chill Dara, contae Lú, contae na Mí agus contae Chill Mhantáin.**

**Bhí an leibhéal b'airde (34%) d'athchiontú aon bhliana do chohórt 2018 sa Mheán-Iarthar ina gcuimsítear contae an Chláir, contae Luimnigh, agus contae Thiobraid Árann agus san Iardheisceart ina gcuimsítear contae Chorcaí agus contae Chiarraí**

# Cuimsiú Sóisialta a Spreagadh ar fud ár nEagraíochta

In 2022, thug an tSeirbhís Promhaidh post Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta um Chuimsiú Sóisialta agus Ath-Imeascadh isteach. Ceapadh Rachel Lillis sa ról agus déanann sí maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme struchtúr nua chun tacú le cuspóirí um chuimsiú sóisialta na Seirbhíse.

Tá Rachel ag obair leis an tSeirbhís Promhaidh le 20 bliain. Sular thosaigh sí ina ról mar Phríomhoifigeach Cúnta Promhaidh um Chuimsiú Sóisialta, d'oibrigh sí mar SPO le go leor foirne pobalbhunaithe agus príosúnbhunaithe lena n-áirítear Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh, Dóchas agus Mainistir Shelton, Foireann Measúnaithe an Taobh Thuaidh, Príosún Chruithneachtáin agus YPP Thuaisceart BÁC agus PO le YPP agus Institiúid Naomh Pádraig.



Rachel Lillis, Príomh-Oifigeach Cúnta Promhaidh

Agus í ag labhairt faoina post nua, dúirt Rachel,

***"Is minic a bhíonn tosca sóisialta agus sláinte mar bhonn faoi iompar coiriúil, lena n-áirítear gnóthachtáil íseal oideachais, mí-úsáid substaintí, easpa dídine, drochshláinte mheabhrach, tráma, dífhostaíocht agus bochtaineacht. Creidimid gur féidir freagairt níos éifeachtaí a thabhairt ar na tosca um chuimsiú sóisialta sin agus is é sin an fáth ar bunaíodh an fheidhm um Chuimsiú Sóisialta – déanfaidh sé maoirsiú ar chomhordú agus ar chur chun feidhme éifeachtach ár gcuid oibre sa réimse seo,"***

Beidh freagracht náisiúnta ar an Aonad um Chuimsiú Sóisialta agus Ath-imeascadh as athrú beartais a bhrú chun cinn ar fud na heagraíochta.

***"Is é ár gcuspóir tacú le hobair le daoine aonair trí bhunathrú struchtúrach agus beartais a chur i bhfeidhm. Táimid ag bogadh ar shiúl ón smaoineamh ar athshlánú ciontóra amháin mar chóireáil aonair chun riosca coir-ghineach a laghdú. Ní mór comhthéacs sóisialta an iompair choiriúil a thuiscint, agus ní mór na saincheisteanna sin a bhreithniú trí dhearcadh an trasnachais".***

# Eagraíochtaí Pobal-Bhunaithe ag Gníomhú sa Bhliain 2022

Tá a fhios ag an tSeirbhís Promhaidh nach féidir léi féin freastal ar riachtanais uile daoine aonair a bhfuil baint acu leis an gcóras ceartais choiriúil. Agus an luach uathúil agus breisluach a bhaineann leis an earnáil dheonach agus phobail á n-aithint maidir le tacaíocht a thabhairt le héirigh as an gciontú, chuir an tSeirbhís Promhaidh €17.532 milliún ar fáil d'eagraíochtaí pobalbhunaithe ar fud na tíre chun seirbhísí a fhorbairt agus a sholáthar do chiontóirí ina bpobail anuraidh.

Soláthraíonn na heagraíochtaí sin, ag obair in éineacht leis an tSeirbhís, réimse éagsúil seirbhísí, lena n-áirítear oiliúint agus oideachas, cláir bhainistíochta ciontóirí, tacaíocht chun rochtain a fháil ar chóiríocht, cláir chóireála drugaí agus alcóil, agus rochtain ar dheiseanna fostaíochta. Is céim an-tábhachtach iad na seirbhísí agus na cláir sin freisin maidir le ciontóir a ath-imeascadh ar ais ina bpobal áitiúil.

In 2022 tháinig an tír amach as srianta COVID-19 agus ó shrianta an rialtais. Cé gur chuir sé sin ar chumas eagraíochtaí pobail filleadh ar sheirbhísí agus ar chláir a sholáthar do chliaint na Seirbhíse Promhaidh, beidh gá meastóireacht iomlán a dhéanamh in am trátha ar thionchar meántéarmach agus fadtéarmach COVID ar na cliaint. Bhí dúshláin eile os comhair na hearnála, áfach, lena n-áirítear costais mhéadaithe fóntais agus maireachtála. I ndiaidh aighneachtaí a chur faoi bhráid an Rialtais, cuireadh €1m bhreise ar fáil d'eagraíochtaí pobalbhunaithe sa bhliain 2023.

Soláthraítear deis leis an Tuarascáil Bhliantúil don tSeirbhís Promhaidh aitheantas foirmiúil a thabhairt d'obair na n-eagraíochtaí maoinithe go léir as a gcuid oibre agus a dtacaíocht le bliain anuas. Seo a leanas léargas ar bhuaicphointí i saol roinnt de na heagraíochtaí pobalbhunaithe a fuair maoiniú sa bhliain 2022.

## Príomh-bhuaicphointí ó eagraíochtaí pobalbunaithe sa bhliain 2022:

### 30 Bliain á Cheiliúradh ag Bridge Project

Tá freastal ar riachtanais daoine a bhfuil stair chiontaithe acu i gcroílár gach rud a dhéanann Bridge Project i gcónaí. Tá Bridge Project lonnaithe i gcathair Bhaile Átha Cliath agus i mí Aibreáin cheiliúir an tionscadal 30 bliain ar an bhfód.

Agus é nuálach i gcónaí - dírítear go leor de na cláir Bridge ar oibriú le daoine aonair a bhfuil ciontú leanúnach á dhéanamh acu agus tá siad á n-úsáid anois ar fud na tíre, ag an tSeirbhís Promhaidh agus daoine eile - ba dheis iontach é sin chun an tionscadal a cheiliúradh agus chun cloisteáil go díreach ó úsáideoirí seirbhíse, cosúil le Jason, iar-chliant de chuid Bridge agus is céimí de chuid COBÁC anois é, faoin gcumhacht saolta a athrú:

> ***"Bhí mé ag siúl timpeall an chlóis (príosún) agus tháinig sé liom sa deireadh … is cuimhin liom a rá liom féin, ní féidir liom é seo a dhéanamh níos mó, tá an cath thart. Ní féidir liom maireachtáil ar an taobh amuigh agus anois ní féidir liom maireachtáil laistigh den phríosún….. Mar sin bhí a fhios agam anois agus ansin go raibh orm athrú a dhéanamh. Agus ó shin i leith, sin cúig bliana ó shin anois, níor fhéach mé siar ó shin"***

## TREO Phort Láirge – Cuairt Aire

Fuair an tAire Helen McEntee, TD, roinnt leideanna úsáideacha ar chothabháil mótair nuair a thug sí cuairt ar thionscadal TREO Phort Láirge ina n-áitreabh ar imeall chathair Phort Láirge i mí na Bealtaine.

Agus é ag obair le thart ar 100 cliant de chuid na Seirbhíse Promhaidh sa bhliain 2022, cuireann TREO éagsúlacht clár, idirghabhálacha agus gníomhaíochtaí ar fáil do dhaoine aonair i gCathair Phort Láirge, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint, seirbhís pobail agus idirghabhálacha ceartais aisiríoch.

Chuaigh an tAire McEntee i gcomhar le Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche áitiúil, Kevin Staunton, chun teastais a bhronnadh ar chliaint a chríochnaigh a gcúrsaí oideachais agus oiliúna ag TREO.

## Searmanas Teastas Céim ar Chéim

Bhí Céim ar Chéim, atá suite i gcroílár Mhaigh Rois i gcathair Luimnigh, faoi lánseol i mí an Mheithimh dá searmanas bliantúil teastais. Bronnadh teastais ar dhaoine óga na cathrach as cúrsaí oideachais agus oiliúna críochnaithe, agus fuair roinnt acu a gcuid gradaim Gaisce an lá sin freisin.

Chomh maith le cloisteáil ó chuid de na déagóirí a fhreastalaíonn ar Chéim ar Chéim, labhair comhbhunaitheoir an tionscadail Seán Moriarty – iar-Oifigeach Promhaidh, atá sna hochtóidí anois – ag an imeacht freisin.

Leanann Céim ar Chéim le hobair iontach a dhéanamh le daoine óga ó chathair Luimnigh agus níos faide i gcéin.

## Tuarascáil Deich mBliana agus Seoladh Compass IASIO

Bhí roinnt cúiseanna ag ceann de na heagraíochtaí is faide atá á maoiniú ag an tSeirbhís Promhaidh, IASIO, le himeacht a óstáil ag Ceanncheathrú na Seirbhíse Promhaidh i Margadh na Feirme i mí an Mheithimh. Seoladh thuarascáil deich mbliana na heagraíochta, deis chun slán a fhágáil go foirmiúil le Paddy Richardson, a bhí ag éirí as mar Phríomhfheidhmeannach ar an eagraíocht, agus seoladh shuíomh gréasáin Compass.

Tugadh le chéile san imeacht comhghleacaithe de chuid na Seirbhíse Promhaidh agus Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chomh maith leis an Aire Dlí agus Cirt Helen McEntee, TD agus Príomhfheidhmeannach IASIO, Sharan Kelly. Ba é sin lá deireanach Paddy Richardson sa phost i ndiaidh blianta fada ag obair leis an eagraíocht.

Seoladh Suíomh Gréasáin Compass freisin ag imeacht Haymarket; Eolaire ar líne de sheirbhísí tacaíochta pobail is ea theCompass.ie do dhaoine aonair a mbaineann príosúnacht nó ciontaithe leo, agus a dteaghlaigh.

## Iontaobhas Pobail & Caifé Gairdín Pháirc na hEaglaise

Is tionscadal atá maoinithe ag an tSeirbhís Promhaidh é Iontaobhas Pobail Pháirc na hEaglaise atá lonnaithe i gcathair Chorcaí a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta, oiliúna agus ath-imeasctha do dhaoine aonair idir 18 - 35 bliain d’aois a bhfuil cionta déanta acu.

I mí Mheán Fómhair chuir an tionscadal fáilte roimh Oonagh McPhillips, Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt cuairt a thabhairt ar an áitreabh nua-athchóirithe ar an taobh thuaidh den chathair. Tá obair iontach déanta ag ceanncheathrú an tionscadail ag rannpháirtithe na seirbhíse pobail.

Bhí lón ar siúl sa Chaifé Gairdín sa Linn Dhubh, fiontar sóisialta ar a bhfuil foireann de chuid Iontaobhas Pobail Pháirc na hEaglaise ar mian leo taithí a fháil agus dul isteach sa mhargadh fostaíochta arís. Tá an caifé suite os cionn na cathrach agus soláthraítear oiliúint agus fostaíocht ann do dhaoine atá ina gcónaí sa phobal áitiúil.

## Athfhorbairt Champas Candle

Agus obair ríthábhachtach á déanamh aige le daoine óga i gceantar Bhaile Formaid i gcathair Bhaile Átha Cliath, rinne Iontaobhas Candle athfhorbairt ar a champas i mí Dheireadh Fómhair. Tá an tionscadal suite i gcroílár Bhaile Formaid agus tá gairdín céadfach, seomraí cóireála agus ceantar lárnach soilsithe álainn ann a chuidíonn le grúpaí níos mó.

Soláthraíonn Candle cláir struchtúrtha oideachais agus oiliúna, chomh maith le seirbhísí eile do dhaoine óga, cuid acu atá bainteach leis na córais ceartais choiriúil agus cuid eile a bhfuil cúinsí dúshlánacha rompu ina saol. Tá cur chuige an tionscadail maidir le hoibriú le daoine óga mar bhonn faoi phríomh-mhodheolaíocht na Samhla um Théarnamh Tráma.

Rinne an tAire James Browne, TD, a bhfuil freagrach as Ceart Óige an oscailt oifigiúil an athfhorbartha agus chuir sé eisint oibre Candle in iúl ina óráid:

***"Déanann Candle Trust naisc a mbíonn tionchar acu. Daoine óga a nascadh le smaointe nua atá i gceist leis, lena chéile agus leis an domhain i gcoitinne. Cuirfidh an campas seo é sin ar a gcumas agus tacóidh sé leis".***



Rannpháirtithe an chláir Céim ar Chéim ag searmanas bliantúil bronnta deimhnithe i Luimneach i mí an Mheithimh.



Saothar ealaíne ó mhná i bPríosún Luimnigh mar aitheantas do Lá Idirnáisiúnta na mBan 2022.



Bronnann an tAire McEntee agus Breitheamh na Cúirte Dúiche Kevin Staunton deimhnithe oiliúna ar rannpháirtithe Treo Phort Láirge i mí Bealtaine.



Meitheal na Straitéise do Mhná sa tSeirbhís Promhaidh ag bualadh leis an Aire Dlí agus Cirt, Helen McEnte



An tAire McEntee ag seoladh Thuarascáil Deich mBliana IASIO agus shuíomh gréasáin Compass i Margadh an Fhéir i mí an Mheithimh.

4

# Crann Taca 4
# **Ag Cumasú Ár bhFoireann**

# Ag aithint Oibre agus Iarrachtaí Comhghleacaithe ag na Gradaim Promhaidh EPIC

Ag na Gradaim Promhaidh EPIC 2022, a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair, ceiliúradh foireann san Seirbhís ar fad dá n-iarrachtaí i saolta a athrú go hiomlán agus baol athchiontú a laghdú.

Seasann EPIC i gcomhair 'extraordinary people inspiring change' taobh istigh an tSeirbhís Phromhaidh agus ní raibh easpa iarrthóirí ann lena raibh sé tuillte acu. Tá sé mar sprioc ag na gradaim EPIC comhghleacaithe a mhisniú is a spreagadh chun gach iarracht a dhéanamh le barr feabhais a bhaint amach i soláthar seirbhíse agus chun leanúint ar aghaidh ag soláthar na dtorthaí is fearr is féidir do chliaint Phromhaidh, a dteaghlaigh agus pobail i gcoitinne.

Fuarthas níos mó ná 50 ainmniúchán do na gradaim 2022 a ndearna painéal moltóireachta neamhspleách meastóireacht orthu, faoi chathaoirleacht Comhollamh Emeritus, Hilda Loughran (UCD). Bronnadh gradaim i 6 chatagóir, Ag feabhsú Sábháilteacht an Phobail, Oiliúint agus Cuimsiú, Comhoibriú & Rannpháirtíocht, Réalta ag teacht chun cinn, Ag cur athruithe nua i bhfheidhm ar ár Seirbhís agus Gradam Aitheantais Speisialta COVID-19 san áireamh.

Cuimsíonn samplaí na dtionscadal buaiteach na bliana seo foirne agus daoine a léirigh barr feabhais in athlonnú casta daoine a chiontaítear i gcionta gnéasacha, cleachtadh ceartais aisiríoch, abhcóideacht meabhairshláinte agus idirghabháil do chliaint.

Searmanas Bronnta Gradam Promhaidh EPIC i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair.




Thug Leas-Rúnaí John O'Callaghan ón Roinn Dlí agus Cirt eochairaitheasc i rith na heachtra agus ghabh sé buíochas le comhghleacaithe tríd an seirbhís ar fad dá mianach agus díograis i leith soláthar seirbhíse i rith tréimhse na paindéime. Ag labhairt i rith an tsearmanais bronnta, dúirt sé

*"Cuireann an tSeirbhís Phromhaidh luach ar leith ar fáil don chóras dlí coiriúil, ag tabhairt dóchais do dhaoine, do theaghlaigh agus do phobail trí chonairí struchtúrtha a chur ar fáil don athshlánú agus don athchóiriú. Déanann sé seo fíordhifríocht do shábháilteacht an phobail agus tá go leor de na daoine atá aitheanta sna gradaim anocht tar éis cur go mór le hÉirinn a dhéanamh níos sábháilte, níos cothroime agus níos cuimsithí."*

## Gradam Spiorad an Phromhaidh 2022

In 2022, thug an tSeirbhís 'Gradam Spiorad an Phromhaidh' isteach ina dtugtar aitheantas do dhuine, nó daoine, a léiríonn an spiorad sin de dhíograis, dúthracht agus mianach na Seirbhíse.

Bronnadh an gradam 2022 ar Maura O'Looney agus Charles Langan, iarchomhaltaí fadseirbhíseacha foirne a d'imir tionchar suntasach agus dearfach ar chliaint agus ar fhorbairt na heagraíochta le linn a gcuid ama ag obair don tSeirbhís Phromhaidh.

# Ag fáil faoi réir le Creat Promhaidh na hÉireann a Chur i bhFeidhm

**Aiseolas ó chomhghleacaithe sa tSeirbhís Promhaidh faoina ndóchas as an gcreat maoirseachta agus faoina bhfís dó:**

*"D'fhéadfadh an creat difear ollmhór a dhéanamh don tslí a ndéanann an tSeirbhís maoirseacht ar a cuid cliant. Nuair a bheidh siad curtha i bhfeidhm go hiomlán, ba cheart go bhfeicfidh an tSeirbhís rátaí athchiontaithe laghdaithe agus rátaí sástachta méadaithe i measc oifigeach promhaidh agus cliant de réir mar a aithníonn siad an cumas athraithe. Ina theannta sin, beidh muinín níos mó ag an bpobal i gcoitinne agus ag íospartaigh na coireachta as cumas na Seirbhísí maoirseacht ardcháilíochta a chur ar fáil."*

*"Cuirfidh an creat scafláil ar fáil do chleachtas promhaidh bunaithe ar fhianaise a fhreagraíonn do na rioscaí, riachtanais, láidreachtaí agus cúinsí ar leith a bhaineann leis na ndaoine a chuirtear faoi bhráid na Seirbhíse Promhaidh."*

*"Cuirfidh sé struchtúr níos fearr ar fáil don fhoireann maidir leis an gcaoi a n-oibríonn siad le cliaint. Tá súil againn go gcuideoidh an chomhpháirt cáilíochta le bainisteoirí agus le hoifigigh phromhaidh díriú ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na hoibre."*

*Is ar ár gcliaint a bheidh an tionchar is suntasaí. Creidim go dtiocfaidh méadú ar a dtacaíocht don phróiseas maoirseachta mar thoradh ar an gcreat. Cuideoidh sé leis an gcomhpháirtíocht a bheith ag obair agus beidh laghdú ar an riosca agus ar an gcion dá bharr."*

Is samhail shaincheaptha de chleachtas promhaidh é an creat maoirseachta atá bunaithe ar fhianaise, a bhfuil taighde mar bhonn faoi agus a bhfuil mar aidhm aige na torthaí is fearr ar fad a bhaint amach do chliaint, do pháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne. Díríodh ar acmhainní ríthábhachtacha a fhorbairt sa bhliain 2022, rud a chuir ar chumas na foirne agus a thacaigh leo chun an Creat a fhíorú agus a chur i bhfeidhm.

## I measc bhuaicphointí 2022 tá:

- **Oiliúint i gCroíscileanna Promhaidh:** Is cuid lárnach de chur i bhfeidhm an chreata go gcinntíonn an tSeirbhís go gcuirtear oiliúint chuí ar oifigigh phromhaidh, go dtugtar tacaíocht dóibh agus go bhfuil siad muiníneach chun go gcuirfidh siad seirbhís éifeachtach ar fáil do chliaint. Sa bhliain 2022, lean an tSeirbhís lena hOiliúint i gCroíscileanna Promhaidh atá dírithe ar shé phríomhscil: *scileanna forbartha caidrimh; soiléiriú ar ról; samhaltú agus atreisiú pró-shóisialta; idirghabháil iompraíochta cognaíoch; réiteach fadhbanna agus agallamh spreagúil*. Tá oiliúint faighte ag 235 ball foirne i gCroíscileanna Promhaidh ó cuireadh tús leis an gcur i bhfeidhm sa bhliain 2021-2022.

- **Seoladh Bosca Uirlisí na Seirbhíse Promhaidh:** I mí Aibreáin sheol an tSeirbhís an Bosca Uirlisí, mol acmhainní nua ar líne don fhoireann a chuireann tacaíochtaí foghlama ar fáil, naisc chuig beartais agus faisnéis ábhartha chun tacú le comhghleacaithe ina gcleachtas laethúil le cliaint. Mhol ball foirne Bosca Uirlisí a fhorbairt le linn seisiún comhairliúcháin roimhe seo, agus ba sprioc thábhachtach don tSeirbhís é a sheachadadh sa bhliain 2022 agus ullmhúcháin ar bun chun an creat a chur i bhfeidhm. Seoladh an Bosca Uirlisí trí sheimineár gréasáin uile-fhoireann agus bhí roinnt acmhainní, lena

n-áirítear físeán taispeántais agus doiciméad Ceisteanna Coitianta, ullmhaithe chun cabhrú leis an bhfoireann an córas nua a nascleanúint. Tá an Bosca Uirlisí á bhainistiú ag an Aonad Foghlama & Forbartha a bhfuil an acmhainn nua ionchorpraithe aige laistigh dá chláir oiliúna níos leithne.

- **Lámhleabhar Cleachtais a fhorbairt:** Ba é príomhchúram na bliana 2022 ná Lámhleabhar Cleachtais a fhorbairt, ar acmhainn ríthábhachtach don fhoireann é a chuirfidh treoir phraiticiúil ar fáil d'oifigigh phromhaidh maidir leis an gCreat a chur i bhfeidhm ina gcleachtas laethúil. D'fhorbair Velia Ltd an lámhleabhar, i ndlúthchomhar le foireann na Seirbhíse Promhaidh, próiseas a bhí á stiúradh ag prionsabal an chomhsholáthartha. Cinntíonn sé seo go bhfuil an lámhleabhar fréamhaithe i gcleachtas promhadh na hÉireann agus dea-chleachtas idirnáisiúnta ag an am céanna. Bunaíodh sé ghrúpa oibre chun tacú leis an tionscnamh agus bhí ról lárnach acu chun an lámhleabhar a thabhairt go céim dheiridh forbartha le linn na bliana. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Lámhleabhar Cleachtais sa bhliain 2023.

- **Branda So-Aitheanta a fhorbairt:** D'iarr an tSeirbhís ar ghníomhaireacht dearaidh i mí na Samhna, branda nua so-aitheanta a fhorbairt don chreat maoirseachta. Chuaigh an ghníomhaireacht i gcomhairle leis an gCoiste Stiúrtha agus le baill foirne eile chun branda a fhorbairt a bheadh ábhartha don fhoireann agus a rachadh i gcion ar mórán acu. Ba é an toradh ba mhó ar an bpróiseas comhairliúcháin seo ná an cinneadh chun ainm nua a ghlacadh, agus seolfar é sa bhliain 2023 nuair a fhoilseofar an Lámhleabhar Cleachtais a ghabhann leis.

# Aghaidh a thabhairt ar Riachtanais Foghlama ár nEagraíochta

In 2022, d'fhreagair an tAonad Foghlama agus Forbartha (L&D) do riachtanais scileanna aitheanta agus d'fhorbairtí reachtaíochta nua trí fhéilire uaillmhianach oiliúna agus forbartha a chur ar fáil don fhoireann trí mheascán d'fhormáidí ar líne agus formáidí pearsanta.

### I measc na mbuaicphointí, tá soláthar na nithe seo a leanas:

- Trí chlár ionduchtúcháin do bhaill foirne nua chun freagairt do roinnt iontógálacha d'oifigigh phromhaidh nua agus oifigigh phromhaidh shinsearacha.

- Clár oiliúna nua dírithe ar shaincheist atá ag teacht chun cinn maidir le handúil sa chearrbhachas

- Sraith clár oiliúna atá dírithe ar chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach maidir le trasnachas, éagsúlacht agus néar-éagsúlacht. Mar shampla, thug an tAonad oiliúint isteach maidir le coireacht fuatha, bailiú sonraí eitneacha, inniúlacht chultúrtha agus chuir sé roinnt seisiún ar fáil maidir le bheith ag obair leis an Lucht Siúil.

- Oiliúint ar ábhair chasta cosúil le bheith ag obair le déantóirí iompraíochta atá díobhálach go gnéasach agus atá faoi mhíchumas intleachta

### Ní hé Mí-úsáid Substainte an t-Aon Rogha

I mí na Nollag, chuir an tAonad L&D clár oiliúna iompraíochta cognaíoch 4 lá ar fáil i bpearsa leis an Ionad Cognaíoch, dar teideal 'Ní hé Mí-úsáid Substainte an t-Aon Rogha'. Freagraíonn an tionscnamh oiliúna seo go díreach do riachtanais oiliúna atá ag teacht chun cinn agus léiríonn sé torthaí thuarascáil na Seirbhíse Promhaidh a foilsíodh sa bhliain 2021, 'Ag Cur agus Ag Tacú le hAthrú; Mí-úsáid Drugaí agus Alcóil i measc Daoine ar Mhaoirseacht ar Promhadh in Éirinn' leis an Dr. Louise Rooney.

Thug an clár oiliúna seo deis d'oifigigh phromhaidh ar an línethosaigh a bheith deimhnithe i seachadadh cláir chreidiúnaithe duine le duine, le cliaint a bhfuil fadhbanna mí-úsáid substainte agus iompar ciontaithe acu agus iad faoi mhaoirseacht Promhaidh.

Gerard O'Callaghan, Oifigeach Promhaidh ar an bhFoireann Chorcaigh Thuaidh

***"Mar chuid d'fhoireann Promhaidh a oibríonn go príomha le cliaint gan dídean, bhí an oiliúint seo thar a bheith ábhartha maidir le bheith ag obair le daoine a bhfuil fadhbanna andúile acu. Is é an chúis bhunúsach atá leis an gcuid is mó dár ngrúpa cliant ciontaithe agus athchiontú ná a n-andúil, mar sin tá aon eolas agus oiliúint a chabhróidh le freagairt don fhadhb seo thar a bheith luachmhar.***

***Chuidigh an oiliúint liom tuiscint níos fearr a fhorbairt ar shaincheisteanna andúile, cuid de na cúiseanna bunúsacha agus conas is fearr freagra a thabhairt orthu seo leis an gcliant. Clár an-chomhoibritheach a bhí ann freisin a d'éiligh ar an gcliant agus ar an oifigeach promhaidh oibriú le chéile."***

Beatrice X. Aleshinloye, Oifigeach Promhaidh san fhoireann Thiobraid Árann

***"Cuir an clár uirlisí struchtúrtha idirghabhála ar fáil dom cosúil le díriú ar dhearcthaí coir-ghineacha agus ar luachanna ciontóirí chun riosca agus iompar díobhálach cliant, dóibh féin agus do dhaoine eile, a laghdú.***

***Bhí mé in ann scileanna tábhachtacha a fhorbairt tuilleadh i réimsí éagsúla lena n-áirítear úsáid scileanna cumarsáide cuí, tógáil caidrimh, dearcthaí neamhbhreithiúnacha, réiteach fadhbanna, treallús maidir le hiompraíocht chiontach a chur faoi dhúshlán, feasacht agus bainistíocht ar iompar frithshóisialta an chliaint.***

***Chríochnaigh mé an clár seo mar iontrálaí nua sa tSeirbhís Phromhaidh agus lean mé ar aghaidh ag baint úsáide as an bhfoghlaim i mo chleachtas. Is féidir an méid a fhoghlaimítear a chur in oiriúint d'iompar ciontaithe éagsúla agus do riosca agus riachtanais ciontóirí."***

# Ag glacadh le hObair Chumaiscthe

In 2022 thug an tSeirbhís *Beartas Oibre Cumaiscthe* nua isteach a leasaíodh ón mBeartas Oibre Cumaiscthe ón Roinn Dlí agus Cirt agus a ailíníodh go dlúth leis an gCreat Beartais Oibre Chumaiscthe d'Eagraíochtaí na Státseirbhíse. Cuireadh an beartas nua in oiriúint chun tacú le riachtanais shonracha ghnó na Seirbhíse agus chun foirne ardfheidhmíochta a chothú, agus solúbthacht oibre níos mó a chur ar fáil don fhoireann ag an am céanna.


Tar éis tréimhse comhairliúcháin leis an bhfoireann, aithníodh nach raibh gach post laistigh den tSeirbhís oiriúnach don obair chumaiscthe sa slí chéanna. Dá bhrí sin, ghlac an tSeirbhís le cur chuige bunaithe ar fhoireann agus iarradh ar bhainisteoirí machnamh a dhéanamh ar obair chumaiscthe i gcomhthéacs an chaoi a bhfreastalaíonn dáileadh na hoibre ar riachtanais a bhfoirne. Chríochnaigh na foirne uile Cairteacha Foirne a thug deis socruithe praiticiúla gach foirne a phlé agus a thaifeadadh agus na gealltanais chumasaithe a thacóidh leis an bhfoireann a mheas agus a aontú.

Ina dhiaidh sin, tugadh cuireadh do chomhghleacaithe iarratas a dhéanamh ar Obair Chumaisc trí shuíomh gréasáin na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Chomh maith leis an iarratas, iarradh ar chomhghleacaithe modúl oiliúna

éigeantach ar líne agus suirbhé féinmheasúnaithe a bhaineann le hEirgeanamaíocht an Stáisiúin Oibre Baile a chur i gcrích chun tacú lena gcianobair rathúil.

Thug comhghleacaithe freagra suntasach ar an Obair Chumaiscthe, agus cheadaigh 334 ball foirne páirt a ghlacadh sa scéim sa bhliain 2022. Tá an tSeirbhís tiomanta le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas tar éis sé mhí agus déanfaidh an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta measúnuithe eirgeanamaíochta sa bhliain 2023.

*"Ciallaíonn mo ról mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin do roinnt aonad gur minic a ghlaoitear orm chun déileáil le cúrsaí le linn dom a bheith ag obair san oifig, rud a d'fhéadfadh tarraingt ó thascanna níos boige eile cosúil le scríbhneoireacht tuairisce nó obair bheartais. Tugann Obair Chumaiscthe an deis dom a bheith ag obair ar na tascanna seo i dtimpeallacht chiúin, phríobháideach agus atá saor ó sheachráin. Is gné domsa freisin é an chloíteacht shóisialta, agus ligeann an Obair Chumaiscthe dom mo cheallra sóisialta a athluchtú ionas gur féidir liom oibriú agus cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh le m'fhoireann agus mo chomhghleacaithe nuair a fhillim ar an oifig."*



*Dale Murphy, Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Seirbhísí Corparáideacha*

*"Rinne mé iarratas ar Obair Chumaiscthe toisc gur aithin mé na buntáistí a bhaineann le mo chothromaíocht oibre saoil le linn na paindéime, go príomha ó thaobh níos lú ama a chaitheamh ag comaitéireacht agus theastaigh uaim an méid sin tar éis COVID a athchruthú. Tá sé an-tairbheach ó dhearcadh gairmiúil toisc gur féidir liom díriú go hiomlán sa bhaile gan seachráin, rud atá úsáideach do thascanna áirithe. Tá sé éasca freisin cumarsáid a dhéanamh buíochas le teicneolaíocht; más gá dom labhairt le comhghleacaithe úsáidim teachtaireachtaí meandracha nó Zoom gan stró. Sílim go gcinntíonn rochtain ar mheasúnuithe eirgeanamaíochta go nglactar go dáiríre le Sláinte & Sábháilteacht freisin. Bhain mé tairbhe as rochtain a fháil ar threalamh oiriúnach cosúil le cathaoir, ardú ríomhaire glúine, pillíní glótháin agus méarchlár. I ndeireadh na dála, léiríonn an Beartas Oibre Cumaiscthe muinín na Seirbhíse as muid mar fhostaithe, rud a chuireann an fhoireann fáilte roimhe. I mo thaithí féin, nuair a bhíonn comhghleacaithe ag obair go cianda, ciallaíonn sé de ghnáth go mbíonn siad ag obair níos deacra agus i mo thuairimse ar bhealach níos éifeachtúla."*



*Kim McDonnell, Ardoifigeach Promhaidh, Foireann Thiobraid Árann*




An Stiúrthóir, Mark Wilson le baill foirne atá imithe ar scor, Maura O'Looney agus Charles Langan a bronnadh Gradaim Spioraid an Phromhaidh orthu ag Gradaim Promhaidh EPIC 2022.



Fuair an tOifigeach Promhaidh Ger O' Callaghan a dheimhniú críochnaithe ó Amy Forde (ar clé), Traenálaí ar an gClár Substance Misuse is not the Only Choice [Ní hí Mí-Úsáid Substaintí an t-aon Rogha].



Olivia Keaveney ag labhairt ag Searmanas Gradam Promhaidh EPIC i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair.



Fuair an tOifigeach Promhaidh Beatrice Aleshinoye a dheimhniú críochnaithe ó Amy Forde (ar clé), Traenálaí ar an gClár Substance Misuse is not the Only Choice [Ní hí Mí-Úsáid Substaintí an t-aon Rogha].



Searmanas Bronnta Gradam Promhaidh EPIC i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair.

5

# Crann Taca 5
# **Ag Nuachóiriú Ár gCur Chuige**

# Ag leathnú ár gCumas in Anailísíocht Sonraí

I mí na Bealtaine 2022, cheap an tSeirbhís Phromhaidh Frank Humphreys sa phost nua mar Bhainisteoir Sinsearach Sonraí agus Anailísíochta laistigh den Aonad Sonraí agus Taighde a bunaíodh le déanaí. Sula ndeachaigh muid isteach sa tSeirbhís, d'oibríomar mar anailísí sonraí sa Roinn Oideachais agus sa Roinn Coimirce Sóisialaí.

***"Is é an ról nua atá agam Aonad Sonraí agus Taighde a bhunú agus a stiúradh. Cuireann cruthú an róil agus an aonaid nua go mór lenár gcumas anailís a dhéanamh ar shonraí, agus léiríonn sé ár dtiomantas do chinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí agus do chultúr sonraíbhunaithe, le béim ar dhearbhú agus ar thorthaí d'ardchaighdeán. Tá ár staitisteoir, Supritha Subramanian, atá ar iasacht faoi láthair ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ina ball ríthábhachtach den fhoireann nua, a bhfuil scileanna comhlántacha aici agus a bhí thar a bheith cabhrach.***

I measc na dtosaíochtaí a bhí agam i mo chéad 6 mhí, bhí tuiscint a fháil ar cháilíocht, eagrú agus úsáid na sonraí laistigh den tSeirbhís Phromhaidh agus deiseanna athraithe a aithint. Tá acmhainneacht ollmhór ag sonraí tacaíocht agus eolas a chur ar fáil d'obair na ár bhfoirne chun saol daoine a athrú agus chun pobail a dhéanamh níos sábháilte. Mar sin, ba é an dara tosaíocht ná tuiscint a chur chun cinn laistigh den eagraíocht ar lárnacht na sonraí do mhisean, fís agus straitéis na Seirbhíse Promhaidh.

Sna 12 mhí amach romhainn, beidh an tAonad Sonraí & Taighde ag lorg deiseanna chun feabhas a chur ar an gcaoi a mbainistímid agus a n-úsáidimid sonraí, ó athruithe beaga go hathruithe sistéamacha. Tá sé mar aidhm againn léargais nua a bhaint amach, méadracha a fhorbairt, agus tacaíocht a thabhairt agus úsáid níos mó a bhaint as sonraí le haghaidh cinnteoireachta, agus é mar sprioc dheiridh againn bailiú, úsáid agus cumarsáid sonraí agus faisnéise a bharrfheabhsú chun torthaí a fheabhsú."



# Prótacail Nua um Malartú Faisnéise agus Atreoraithe a fhorbairt le MEND agus MOVE Ireland

In 2022, d'fhorbair an tSeirbhís Phromhaidh prótacal um malartú faisnéise athbhreithnithe le MOVE Ireland agus MEND chun tacú le tarchuir chuig clár CHOICES. Is éard atá i gceist le CHOICES ná clár oibre grúpa atá faofa ag an Roinn Dlí agus Cirt agus a chuireann soláthraithe clár oilte MOVE Ireland agus MEND ar fáil go náisiúnta.

Forbraíodh an prótacal nua maidir le malartú faisnéise chun cur chuige ilghníomhaireachta a chur chun cinn chun dúshlán agus tacaíocht a thabhairt d'fhir atá mí-úsáideach ina ndlúthchaidrimh chun a n-iompar a athrú. Cuid lárnach den phrótacal seo is ea tiomantas chun oibriú i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí go léir.

*“Tá caidreamh fada agus dearfach idir Clár MEND agus an tSeirbhís Phromhaidh ar bhonn áitiúil agus náisiúnta araon. Leis an bprótacal nua, cuirtear creat ar fáil chun muinín a chothú sa phróiseas atreoraithe idir an dá eagraíocht a d’fhéadfadh torthaí a fheabhsú do na fir atá ag freastal ar na cláir ach níos tábhachtaí fós do pháirtithe/iar-pháirtithe agus leanaí na bhfear sin. Is é ár n-uaillmhian go mbeadh oibrithe sa dá eagraíocht eolach ar an bprótacal agus go bhféachfaí air mar thacaíocht ní hamháin do chumarsáid idirghníomhaíochta ach freisin mar chuid den phróiseas athraithe ina nglacann na fir páirt.”*

*John Doyle, Stiúrthóir Seirbhísí, Líonra Forbartha na bhFear & Clár MEND*

*“Tá an Prótacal Atreoraithe agus Malartú Faisnéise ríthábhachtach don obair idir an tseirbhís phromhaidh agus MOVE Ireland. Cuireann sé treoirlínte soiléire ar fáil don fhoireann maidir le cé a thugann faoi na róil agus conas oibriú i gcomhar leis an tseirbhís phromhaidh. Ós rud é go gcuirtear cruinnithe Trí-pháirteach chun cinn sa phrótacal nua, forbróidh sé seo caidrimh sheanbhunaithe, agus caidrimh nua ag dul ar aghaidh leis an tseirbhís Promhaidh agus MOVE Ireland. I dteannta a chéile, is féidir linn dúshlán a thabhairt d’fhir cuntasacht a ghlacadh as a n-iompar, rud a d’fhéadfadh an ciontú a laghdú agus an riosca a laghdú dá bharr.”*

*Lisa Brown, Comhordaitheoir Eatramhach Move Ireland*

Forbraíodh an prótacal athbhreithnithe go ríthábhachtach chun oibleagáidí RGCS atá ann cheana a léiriú agus áirítear leis foilsiú an Chomhaontaithe um Roinnt Sonraí idir gach eagraíocht. Bhí an obair seo faoi stiúir Aonad Faisnéise na Seirbhíse Promhaidh, a d’oibrigh go díreach leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí lena chinntiú go bhfuil gnéithe den phrótacal ag cloí leis an reachtaíocht atá ann cheana.

Déanann an tAonad Faisnéise comhordú agus bainistiú ar iarratais ar fhaisnéis a bhaineann le Saoráil Faisnéise (FOI), Cosaint Sonraí, agus iarratais eile ar fhaisnéis. In 2022, bhainistigh an t-aonad 100 iarraidh ar fhaisnéis. Chuimsigh siad seo:

| ***Iarratais a Bhainistigh an tAonad Faisnéise sa bhliain 2022*** | |
|---|---|
| Iarratais Shaoráil Faisnéise | 22 |
| Iarratais Duine ar a shonraí | 13 |
| Iarratais ó Thríú Páirtí | 42 |
| Iarratais eile taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise/ de Chosaint Sonraí | 23 |
| **Iomlán** | **100** |

# Tionchar Obair na Seirbhíse a chur in iúl

Bunaíodh an tAonad Cumarsáide i mí Iúil 2021, agus tá ról lárnach aige maidir le haird a tharraingt ar obair na Seirbhíse Promhaidh agus maidir lena cáil a thógáil ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn náisiúnta trí sheasamh dearfach a thabhairt don tSeirbhís i measc pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Mar aonad réasúnta nua, ba bhliain thábhachtach fáis don Aonad í 2022 toisc gur leathnaigh sé a chuid oibríochtaí agus gur oibrigh sé i dtreo spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

## I measc na bpríomh-nuashonruithe tá:

- **Tairseach Foirne Nua:**
  I mí na Bealtaine, sheol an tAonad an tairseach foirne nua atá dírithe ar dheiseanna breise a chur ar fáil chun nuacht agus nuashonruithe a roinnt ar fud na heagraíochta, agus ag an am céanna rochtain éasca a thabhairt don fhoireann ar uirlisí digiteacha, ar acmhainní digiteacha agus ar fheidhmchláir dhigiteacha a theastaíonn uathu ina gcuid oibre ó lá go lá. Rinneadh an uirlis chumarsáide inmheánach nua a mhúnlú ar Thairseach na Roinne Dlí agus Cirt agus forbraíodh í i gcomhar leis an bhfoireann Bainistíochta Faisnéise agus Oibríochtaí Teicneolaíochta. Bhí aiseolas ón bhfoireann maidir leis an tairseach nua an-dearfach agus foilsíodh 110 alt tairsí ó seoladh é ar an 9ú Bealtaine.
- **Seoladh na Straitéise Cumarsáide & Rannpháirtíochta 2022-23:**
  I mí Dheireadh Fómhair, sheol an tSeirbhís Straitéis Cumarsáide & Rannpháirtíochta nua atá dírithe ar thionchar obair na Seirbhíse a chur in iúl do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Tá an Straitéis bunaithe ar Ráiteas Straitéise na Seirbhíse Promhaidh 2022-23 agus tá sí dírithe ar chúig phríomhcholún lena n-áirítear: 1. Ag Méadú Feasachta Poiblí; 2. Ag Feabhsú Rannpháirtíochta Inmheánacha; 3. Ag Láidriú Caidreamh le Páirtithe Leasmhara; 4. Ag Baint Leasa as Teicneolaíocht Dhigiteach; 5. Ag Feabhsú ar Ghuth Úsáideora na Seirbhíse. Forbraíodh plean gníomhaíochta mionsonraithe chun tacú le soláthar na Straitéise a cheadaigh an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.
- **Ag Fás na Foirne:**
  Sa bhliain 2022, cheap an tSeirbhís dhá phost nua chun tacú le hoibríochtaí laistigh den aonad; Chuaigh Aoife Kavanagh isteach sa tSeirbhís i mí Aibreáin mar Speisialtóir Cumarsáide Seachtraí agus d'aistrigh Gráinne Jones óna post mar Oifigeach Riaracháin i bhfoireann Trédhearcachta na Roinne Dlí agus Cirt i mí Dheireadh Fómhair chun feidhmiú mar Cheannasaí Cumarsáide Inmheánaí nua na Seirbhíse. Is é Tom Redmond, Príomhoifigeach Cúnta Cumarsáide, a ceapadh sa bhliain 2021 agus a dhéanann maoirseacht ar obair an Aonaid Chumarsáide.

***"Chuaigh mé isteach sa tSeirbhís Phromhaidh i mí Dheireadh Fómhair chun cabhrú lena tosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh maidir le cumarsáid inmheánach. Tá níos mó ná 400 fostaí ag an tSeirbhís atá ag obair ar fud na tíre agus tá sé tábhachtach go mbraitheann gach ball foirne nasctha, meas agus eolas, ionas gur féidir leo a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus spreagtha. Cuid mhór de mo phost is ea léiriú a thabhairt ar obair iontach ár gcomhghleacaithe atá chomh tiomanta do thacaíocht a thabhairt don athrú agus do phobail a dhéanamh níos sábháilte agus níos cuimsithí. Táim ag tnúth le rannpháirtíocht a neartú ionas gur féidir linn leanúint d'fheabhas a chur ar thaithí na bhfostaithe agus cur le cultúr oscailteachta agus muiníne."***

***Gráinne Jones, Oifigeach Riaracháin & Ceannasaí Cumarsáide Inmheánaigh***



- **Ag Cur Fuinnimh inár gClár Imeachtaí:**
  Ceann de phríomhchuspóirí na Straitéise Cumarsáide & Rannpháirtíochta is ea dúthracht do nuálaíocht a dhéanamh ar chur chuige na Seirbhíse maidir leis an gcaoi a n-úsáideann sí imeachtaí chun a cuid oibre a chur i láthair. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse seo le linn 2022 toisc gur chuir sé féilire uaillmhianach 10 n-imeacht ar fáil i rith na bliana. Ghlac an tSeirbhís le formáidí ar líne agus cumaisc the, mheall sí pearsantachtaí iomráiteacha, rinne sí iniúchadh ar roghanna ionaid nua agus ghlac sí leis na meáin shóisialta.

- **Caidreamh leis na Meáin:**
  Tá ról lárnach ag an Aonad Cumarsáide maidir le hobair na Seirbhíse Promhaidh a chur in iúl do na meáin agus don phobal i gcoitinne. Is príomhchuspóir de chuid na Straitéise Cumarsáide & Rannpháirtíochta é seo agus sa bhliain 2022, rinne an tSeirbhís dul chun cinn suntasach le clúdach suntasach i nuacht áitiúil agus náisiúnta.

I measc buaicphointí tá:

- Seoladh Ciste Scoláireacht KickStart, 22ú Meitheamh – Bhí an t-alt le feiceáil ar RTÉ Ar Líne
- Seoladh Ciste Scoláireacht KickStart, 23ú Meitheamh – Nuacht ar FM104
- Easpa dídine agus iarphríosúnaigh, ina bhfuil agallamh le Neil McFadden, Oifigeach Sinsearach Promhaidh, 20ú Lúnasa – Alt san Irish Times
- Tuarascáil na Seirbhíse Pobail le Foireann Luimnigh CS, 7ú Deireadh Fómhair – Ar RTÉ Radio One
- Ceartas Aisiríoch agus an tSeirbhís Phromhaidh, 25ú Samhain – Alt san Irish Examiner
- Staitisticí Athchiontú na Príomh-Oifige Staidrimh, 1ú Nollaig – Alt ar thejournal.ie
- Ag Briseadh an Chiogail Athchiontaithe, Nollaig 5ú –Alt san Irish Time

- **Cuntasacht agus Trédhearcacht Phoiblí:**
  In 2022 rinne an tAonad Cumarsáide maoirseacht ar ullmhú na bhfreagraí de réir mar is gá ar cheisteanna parlaiminteacha, ar ionadaíochtaí aire agus ar iarratais eile ar fhaisnéis leanúnach ar fud stiúrthóireachtaí i gcomhpháirtíocht le hAonad Trédhearcachta na Roinne Dlí agus Cirt.

| *Iarratais ar Fhaisnéis a chomhordaítear go lárnach* | |
|---|---|
| Ceisteanna Parlaiminteacha | 133 |
| Na Meáin | 7 |
| Eile* | 84 |
| **Iomlán** | **224** |

*(Áirítear freagraí ar uiríll ó ionadaithe poiblí, iarratais ar ionchur i gcáipéisí beartas srl.)


# Tosaíocht a thabhairt do Laghdú Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht don tSeirbhís

Mar chomhlacht earnála poiblí, tá sé de dhualgas ar an tSeirbhís Phromhaidh na spriocanna a leagtar amach i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 (CAP2021) a bhaint amach, eadhon feabhas 50 % ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51 % ar dhéine carbóin faoi dheireadh 2030. Déanann na haonaid Seirbhísí Corparáideacha agus Airgeadais monatóireacht ar ídiú fuinnimh na Seirbhíse agus tuairiscítear é go bliantúil d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Léirigh na sonraí a bailíodh le haghaidh 2022 méadú ar an iomlán ar ídiú iomlán fuinnimh le haghaidh na Seirbhíse Promhaidh, ó 2,783,896kWh sa bhliain 2021 go 3,550,489kWh sa bhliain 2022. Tá an méadú sin sothuigthe, ós rud é go bhfuil an eagraíocht ag filleadh ar lánacmhainn oibríochta de réir mar a tháinig muid as an bpáirt is measa de phaindéim COVID-19; de réir mar a d'fhill baill foirne ar bhonn níos minice ar oifigí mar chuid dá socruithe oibre cumaiscthe, bhí aeráil úr ina thosaíocht in oifigí ar fud na tíre chun scaipeadh COVID-19 a chosc. Tháinig méadú suntasach freisin ar ídiú na mball foirne ag taisteal agus ar dhíosal/peitreal, de réir mar a thosaigh baill foirne ag gluaiseacht arís ar fud na tíre tar éis srianta ar thaisteal sa bhliain 2021.

## Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh – 2022

| Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh= 11,091 kw/h / Fostaithe lánaimseartha | Sprioc Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh= 7,529 kw/h / Fostaithe lánaimseartha |
|---|---|




### Táscairí Feidhmíochta Leibhéal 2 (2022)

| |
|---|
| 2.1% níos measa ná 2021 |
| 26.3% níos fearr ná bunlíne éifeachtúlachta fuinnimh |
| 47.3% níos measa ná 2021 |


| | |
|---|---|
| Leictreachas = 7,825 kw/h / FTE Employees | 8.0% níos measa ná 2021 |
| Teirmeach = 2,705 kw/h / FTE Employees | 19.3% níos fearr ná 2021 |
| Iompar = 561 kw/h / FTE Employees | 107.6% níos measa ná 2021 |

In ainneoin na méaduithe sin ar ídiú , lean an tSeirbhís Phromhaidh le dul chun cinn a dhéanamh i gcomparáid lena bliain bonnlíne, le laghdú 1,905,937kWh ar úsáid fuinnimh ó 2009.


## Tomhaltas Fuinnimh (TPER) - 2022

**2022 Tomhaltas Fuinnimh = 4,614,019 kWh**

**Ídiú Fuinnimh Ó Bhunlíne Éifeachtúlachta Fuinnimh**




**Tomhaltas Fuinnimh - 2022 (TPER)**




| | |
|---|---|
| 3.6% níos mó ná 2021 | 159,747 kWh níos mó ná 2021 |
| 29.2% níos lú ná bonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh | 1,905,937 kWh níos lú ná bonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh |

Rinne conraitheoir seachtrach iniúchadh fuinnimh ar na húsáideoirí fuinnimh is mó sa tSeirbhís i mí Iúil 2022; gabhadh cúig oifig san iniúchadh seo, Margadh an Fhéir, Tamhlacht, Teach Westview, Séipéal Naomh Nioclás agus Sráid Chorcaí. Dhírigh an t-iniúchadh fuinnimh ar éifeachtúlacht fuinnimh sna foirgnimh roghnaithe agus rinneadh iniúchadh domhain ar úsáid fuinnimh, ar chórais agus ar bhainistíocht chun léargas ginearálta a thabhairt dúinn ar phróifíl fuinnimh gach oifig. Aithníodh san iniúchadh seo roinnt deiseanna éifeachtúlachta fuinnimh, a bhfuil cuid acu curtha i bhfeidhm cheana féin cosúil le solas faoi stiúir braiteoir gluaisne i leithris Mhargadh an Fhéir, agus beidh gá athbhreithniú a dhéanamh ar chuid acu sa bhliain 2023.

# Maoirseacht agus Rialachas Socruithe

# Socruithe Maoirseachta agus Rialachais

Cinntíonn an tSeirbhís Phromhaidh go leanann maoirseacht ar ár riarachán na ceanglais atá leagtha amach do gach Comhlacht Poiblí sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Mar chuid dár gcleachtas rialachais, chuir an tSeirbhís Phromhaidh, leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhaontú Maoirseachta 2020–2022 agus Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta 2022 i bhfeidhm.  Foilsíodh an dá chomhaontú ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Leagtar amach sa Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta (PDA) príomhspriocanna na Seirbhíse Promhaidh don bhliain 2022 (i gcomhthéacs na n-ionchur acmhainní a chuirfear ar fáil) agus conas a dhéanfar a sholáthar a thomhas i dtéarmaí spriocanna/táscairí feidhmíochta. Leagtar béim ann freisin ar aon fhachtóirí riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na Seirbhíse Promhaidh le riachtanais an PDA trí ar a laghad trí chruinniú foirmiúla Rialachais in aghaidh na bliana idir an Roinn agus an tSeirbhís Phromhaidh. Déantar an méid seo a leanas a mheas sna cruinnithe seo, de réir mar is gá:

- Plean Straitéiseach na Seirbhíse Promhaidh agus a plean gnó bliantúil/na pleananna gnó bliantúla a chur i gcrích;
- Dul chun cinn i gcoinne na spriocanna agus na dtáscairí a leagtar amach sa PDA bliantúil;
- Bainistíocht airgeadais agus cúrsaí buiséadacha;
- Fadhbanna acmhainní daonna lena n-áirítear cúrsaí foirne, oiliúna agus caidrimh thionsclaíocha;
- Bainistíocht riosca;
- Aon fhadhb inmheánach a bhaineann le rialachas;
- Aon cheist a bhaineann leis an tSeirbhís Phromhaidh agus a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar do thráchtaireacht phoiblí nó do ghrinnscrúdú poiblí nó a d'fhéadfadh a bheith ina bhun;
- Aon ábhar a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chlú na Seirbhíse Promhaidh;
- Aon cheist eile a chuimsítear sa Chomhaontú seo nó a thagann chun cinn as an gComhaontú seo.

I gcomhréir le hAguisín A den 'Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit — Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais' agus leis an gComhaontú Maoirseachta 2020-2022, is iad seo a leanas na ceanglais tuairiscithe:

1. Deimhníonn an tSeirbhís Phromhaidh nach raibh aon mhaoluithe ar fhorálacha infheidhme an Chóid Chleachtais

2. Is é Coiste Bainistithe Rioscaí na Seirbhíse Promhaidh atá freagrach as measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhrioscaí a áirítear i gClár Rioscaí na Seirbhíse Promhaidh de réir Bheartas Bainistithe Riosca na Seirbhíse Promhaidh 2020.  Déantar an clár rioscaí a athbhreithniú freisin mar chuid de ghnáthfhaireachán ar ghnáthshocruithe monatóireachta gnó agus pleanála. Tacaíonn tuarascálacha bainistíochta chuig Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh agus chuig an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin leis an monatóireacht leanúnach leabaithe seo ar an bpróiseas bainistithe riosca.

3. Deimhníonn an tSeirbhís Phromhaidh go gcloíonn sí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm aici chun comhlíonadh an bheartais agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus deimhníonn sí gur comhlíonadh iad seo le linn 2022.

4. Cuireadh Ráiteas Comhlíontachta 2021, ina gcuimsítear ráiteas ar rialuithe inmheánacha, i leith na Seirbhíse Promhaidh i ndáil le hábhair a leagtar amach in alt 1.9 den Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit – Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi bhráid an Aire Helen McEntee i mí Lúnasa 2022. Leagtar amach in Aguisín 2 an Ráiteas maidir le Córas Rialaithe Inmheánaigh na Seirbhíse Promhaidh do 2022.

Is iad seo a leanas na príomhspriocanna feidhmíochta agus aschuir don 2022 le comparáidí ó 2021. Leagadh na spriocanna seo amach ag tús na bliana chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Seirbhíse Promhaidh i dtéarmaí aschuir, éifeachtúlachta, agus éifeachtachta.

## Spriocanna Cainníochtúla

| *Limistéar aschuir nó tionscnamh* | *Sprioc* | *2022 Táirgeacht* | *2022 Sprioc* | *2021 Táirgeacht* | *2021 Sprioc* |
|---|---|---|---|---|---|
| Tuarascálacha ar Mheasúnú Réamh-Cheadaithe Arna n-ordú ag an gCúirt | % de Thuarascálacha ar Mheasúnú Réamh-Cheadaithe Aosach a cuireadh isteach laistigh de 8 seachtaine | 54% | 70% | Méadrach Nua | Méadrach Nua |
| | % de thuarascálacha daoine óga a cuireadh isteach laistigh de 28 lá | 100% | 100% | 100% | 100% |
| Measúnuithe ar chiontóirí don Bhord Parúil | % de thuarascálacha measúnuithe a cuireadh isteach chuig an mBord Parúil laistigh de 12 seachtaine | 58% | 100% | Méadrach Nua | Méadrach Nua |
| Soláthar éifeachtúil agus éifeachtach Scéim na Seirbhíse Pobail | % de mheasúnuithe Seirbhíse Pobail a cuireadh i gcrích mar Mheasúnuithe Aonlae | 16% | 15% | 9.31% | 10% |
| | Tuarascálacha Seirbhíse Pobail curtha i gcrích | 1,670 | 2,300 | 2,044 | 2,000 |
| Cur chuige rioscabhunaithe maidir le maoirseacht | SORAM úsáidte chun ciontóirí a mheastar mar riosca measartha nó ardriosca | 100% | 100% | 100% | 100% |
| Ag tacú le bainistiú breitheanna agus le hathimeascadh ciontóirí príosúnaithe | Dul i gcomhar le Príosúnaigh atá faoi choinneáil | 2,880 | 2,500 | 2,730 | 2,000 |
| | % ráta comhlánaithe rathúil Fillte ar an bPobal | 91% | 90% | 95% | 85% |

| *Limistéar aschuir nó tionscnamh* | *Sprioc* | *2022 Táirgeacht* | *2022 Sprioc* | *2021 Táirgeacht* | *2021 Sprioc* |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí d'íospartaigh | % de cheisteanna ó íospartaigh a freagraíodh laistigh de 2 lá oibre | 100% | 100% | 100% | 100% |
| Soláthar seirbhísí do chiontóirí trí Eagraíochtaí Pobal-Bhunaithe | Teagmháil le cliaint na Seirbhíse Promhaidh trí Eagraíochtaí Pobal-Bhunaithe aosach agus Promhaidh Daoine Óga (YPP) bunmhaoinithe : % sprioclíonta SLA a baineadh amach * | 87% | 80% | Méadrach Nua | Méadrach Nua |
| Forbairt agus oiliúint leanúnach don fhoireann ar fad | Imeachtaí oiliúna inmheánacha ar fáil don fhoireann sa líne thosaigh | 97 | 75 | 82 | 85 |
| Ionduchtú na n-oifigeach nua promhaidh | % na n-oifigeach promhaidh a ionduchtaíodh laistigh de 16 seachtaine ó a thosaigh an fhostaíocht | 95% | 90% | 95% | 95% |

*Is ionann na hEagraíochtaí Pobalbhunaithe Promhaidh Aosaigh agus Daoine Óga go léir (YPP) agus 78% den leithdháileadh buiséid do Sheirbhísí do Chiontóirí 2022 (fo-cheannteideal A9) de €17,532,000.

## Spriocanna eile

| *Gníomhaíocht* | *Colún Comhlachaithe Straitéiseach* | *Sprioc-Chreat Ama* | *Ráithe 4 2022 - Nuashonrú* |
|---|---|---|---|
| Beartas na Seirbhíse Promhaidh maidir le hÍospartaigh a Chur i gCrích agus a Fhoilsiú | Comhoibriú agus Rannpháirtíocht a Neartú | Q1 | Curtha i gCrích |
| Straitéis Margaíochta agus Cumarsáide a Fhorbairt | Ag Nuachóiriú Ár gCur Chuige | Q2 | Curtha i gCrích |
| Athbhreithniú fianaise ar bheartas agus samhlacha cleachtais na Seirbhíse Pobail a chur i gcrích<br><br>Athbhreithniú ar shamhail oibriúcháin na Seirbhíse Pobail a thosú | Sábháilteacht an Phobail a Fheabhsú | Q1<br><br>Q4 | Curtha i gCrích<br><br>Athbhreithnigh ag na céimeanna deiridh |
| Beartas agus Treoirlínte maidir le Foréigean Teaghlaigh a athbhreithniú agus a leasú<br><br>Gach cáipéis beartais agus nóis imeachta a bhaineann le ciontóirí gnéis a athbhreithniú | Sábháilteacht an Phobail a Fheabhsú | Q2<br><br>Q4 | Curtha i gCrích<br><br>Idir Lámha |
| Prótacail a fhorbairt leis an mBord Parúil chun daoine atá ar parúl a bhainistiú | Sábháilteacht an Phobail a Fheabhsú | Q2 | Curtha i gCrích |
| Plean Gnímh um Cheartas Aisiríoch a fhorbairt chun na roghanna agus na cuspóirí a sainaithníodh sa pháipéar um Cheartas Aisiríoch (2021) a chur chun cinn. | Comhoibriú agus Rannpháirtíocht a Neartú | Q2 | Curtha i gCrích |
| Lámhleabhar Cleachtais an Chreata Maoirsithe Ciontóirí | An Cuimsiú á Chur Chun Cinn | Q2 | Curtha i gCrích |

# An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Soláthraítear an fhaisnéis seo ar fad a leanas i gcomhréir leis an Acht laistigh de na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Promhaidh chun a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúla. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíontacht leis an Acht a chinntiú, ní thugann siad ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán in aghaidh neamhchomhlíontacht ábhair leis an Acht.

Oibríonn na nósanna imeachta sin sa tréimhse airgeadais ar a ndéantar athbhreithniú leanúnach agus, i gcás íocaíochtaí déanacha, cuireadh na soláthróirí ábhartha ar an eolas agus íocadh an t-ús dlite dóibh.

I gcomhréir leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, cuirtear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil i leith na tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022:

## Cleachtais Íocaíochtas

Déanann an tSeirbhís Promhaidh íocaíochtaí le soláthróirí de réir na dtéarmaí a shonraítear sna sonraisc faoi seach nó na coinníollacha a shonraítear i gconarthaí aonair, más iomchuí. Ó 2002, is ionann le 30 lá iad na téarmaí caighdeánacha.

*Íocaíochtaí déanacha:*

| *Méid an tSonraisc* | *Líon na Sonrasc* | *Méid Úis a Íocadh* |
|---|---|---|
| Faoi bhun €317 | 1 | 40.05 |
| Thar €317 | 2 | 136.00 |
| Iomlán | 3 | 176.05 |

# Plean Gnímh Dualgas Earnála Poiblí 2022-23

Sa bhliain 2022, d'fhoilsigh an tSeirbhís Promhaidh *Plean Gnímh Dualgas Earnála Poiblí 2022-23*, ar plean dhá bhliain é a leagann amach na príomhghníomhartha a dtabharfaidh sé fúthu chun a chinntiú go bhfuil cultúr measa ann don chomhionannas agus do chearta daonna i measc fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus do na daoine a bhfreastalaíonn sé orthu.

Tugann an plean gnímh aghaidh ar fhreagracht na Seirbhíse mar chomhlacht de chuid na hearnála poiblí (faoi Alt *42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*) chun céimeanna onnghníomhacha a thógáil i dtreo leithcheal a dhíothú, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta daonna a chosaint, mar chuid dá obair laethúil.

